

# Tuarascáil Bhliantúil 2016

## Annual Report 2016



**Comhairle Contae  
Dhún na nGall**  
Donegal County Council

## Réamhrá

Bliain speisialta i stair an stáit a bhí in 2016 agus muid ag déanamh ceiliúrtha ar chomóradh céad bliain Éirí Amach na Cásca, 1916. Thug an comóradh seo deis dúinn nach dtarlaíonn ach uair sa chéad réimse d'imeachtaí stairiúla, cultúrtha agus ealaíonta a mhúnlú agus páirt ghníomhach a ghlacadh iontu. Ba léiriú ar an spéis a bhí ag an Chontae ar fad é réimse agus cáilíocht na dtograí a cuireadh ar fáil mar chuid de Chlár Comórtha Dhún na nGall.

Neartaíodh ár dtiomantas chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú i mbliana nuair a d'éirigh linn creidiúnas ISO 50001 a bhaint amach don Chóras Bainistithe Fuinnimh atá againn. Is mar thoradh ar mhíonna fada oibre ag bainistíocht agus an foireann na Comhairle ba ea an caighdeán idirnáisiúnta seo a bhaint amach agus níor éirigh ach le húdarás áitiúil amháin eile in Éirinn an creidiúnas seo a bhaint amach le haghaidh gach seirbhís de chuid na Comhairle.

Tháinig toradh ar dhá bhliain den dianphleanáil go mall in 2016 nuair a eagraíodh an chéad chruinniú de Chomhpháirtíocht um Fhorbairt Straitéiseach an Iarthuaiscirt. Is éard atá sa Chomhpháirtíocht seo, a bhfuil Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin i gceannas uirthi le chéile, ná ionadaithe sinsearacha ó rannóga Rialtais ó Phoblacht na hÉireann agus ó Thuaisceart Éireann agus is í an chéad ghrúpáil den chineál seo í in Éirinn.

Cuireann an Chomhpháirtíocht seo deis ar fáil le haghaidh na comhphleanála agus cuireann sé comh-acmhainní ar fáil a chuideoidh le forbairt réigiún an Iarthuaiscirt. Chomh maith leis sin, oibríonn sé le chéile ar an obair atá á déanamh ag Grúpa Forbartha Réigiún an Iarthuaiscirt.

Moladh iontach a bhí ann do thiomantas na Comhairle maidir le forbairt na hearnála turasoíreachta sa chontae nuair a d'ainmnigh an t-Irisleabhar National Geographic Traveller mar an Áit is Cúláilte ar an Phláinéad chun cuairt a thabhairt uirthi chomh maith le 'Seoid Fholaithe na hÉireann' ag léitheoirí Irisleabhar 'Irish Independent Travel.'

Mar chuid de na príomhspríocanna a baineadh amach in 2016, osclaíodh Droichead Mhullán Tí Uí Bhaoill sna Glinntí, críochnaíodh obair ar Chéim 1 de Scéim Dhroichead Blackburn N15 agus cuireadh i gcrích scéim Bá Uachtar N56 go Cill Chainnigh LVNS.

Lean muid ar aghaidh leis an gcomhpháirtíocht le hUisce Éireann chun clár caipitil suntasach a fhorbairt do Dhún na nGall, clár a léiríonn ceann de na hinfheistíochtaí caipitil is mó déanta ag Uisce Éireann taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath.

Tá plé ag dul ar aghaidh faoi clár uailmhianach Tithíochta Sóisialta a shasóidh riachtanais tithíochta an phobail. Táthar á thabhairt faoi seo ar bhealach cuimsitheach agus inbhuanaithe chun gur féidir é a

ghlacadh tríd na céimeanna éagsúla forbartha.

Cúis mhór bhróin dúinn go bhfuair an Comhairleoir Seán McEniff bás, a bhí ar na baill is faide ar Chomhairle Contae Dhún na nGall agus ar iar-Chomhairle Baile Bhun Dóbhráin. Mhair an tréimhse a d'oibrigh sé ar son Dhún na nGall beagach seasca bliain agus beidh cumha orainn uile ina dhiaidh i gComhairle Contae Dhún na nGall.

Léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo cuid mhó den obair atá ar bun ag an gComhairle seo agus leagtar amach ann go leor de na himeachtaí éagsúla agus an méid a baineadh amach in 2016. Is trí bheith ag obair le comhpháirtithe amháin is féidir linn cuid mhór de seo a bhaint amach agus ba mhian linn an deis seo a ghlacadh buíochas a ghabháil leo uile mar gheall ar an tacaíocht leanúnach

agus ar an chomhoibriú a thugann siad dúinn.

Ba mhian linn ár mbuíochas a ghabháil leis na baill tofa, le bainistíocht agus le foireann na Comhairle. Is é an tiomantas agus an dúthracht s'acu, agus an obair mhór a chuireann siad isteach a dhéanann eagraíocht bheoga agus fhorásach den Chomhairle.

Tá muid ag dúil le bheith ag dul ar aghaidh ag obair le chéile chu freastal a dhéanamh ar ár bpobail, ar thacaíocht a thabhairt dár ngólachtaí agus ar fháilte a chur roimh ár gcuaiteoirí.

An Comhairleoir Terence Slowey  
Cathaoirleach

Seamus Neely  
Príomhfheidhmeannach

## Clár Ábhar

	<b>Uimh. leathanaigh</b>
Comhaltaí Chomhairle Contae Dhún na nGall	5
Ceantair Bhardasacha Chontae Dhún na nGall	8
Struchtúr Bainistíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall	9
Cruinnithe Comhairle 2016	10
Fáiltithe Cathartha 2016	12
Pobal, Fiontar & Pleanáil	15
Corparáideach, Tithíocht & Cultúr	26
Airgeadas, Córais Faisnéise & Seirbhísí Éigeandála	38
Bóithre & Iompar	52
Uisce agus Comhshaol	62
<i>Aguisíní</i>	
Ballraíocht Chomhairle Coistí agus Eagrais Eile	71
Freastal Comhaltaí ar Ócáidí Oiliúna 2016	77
Taisteal Thar Lear 2016	77
Speanais Comhaltaí 2016	78
Táscairí Feidhmíochta 2016	79



# Comhaltaí Chomhairle Contae Dhún na nGall

## Ceantar Bardasach Chontae Dhún na nGall

		
Cllr John Campbell Independent	Cllr Tom Conaghan Independent	Cllr Noel Andrew Jordan Sinn Féin
		
Cllr Niamh Kennedy Independent	Cllr Sean McEniff Fianna Fáil	Cllr Barry O'Neill Fine Gael

## Ceantar Bardasach na nGlinntí

 <p>Cllr Enda Bonner Fianna Fáil</p>	 <p>Cllr Maire Therese Gallagher Sinn Féin</p>	 <p>Cllr Michael Cholm Mac Giolla Easbuig Independent</p>
 <p>Cllr Seamus O'Domhnaill Fianna Fáil</p>	 <p>Cllr John Seamais O'Fearraigh Sinn Féin</p>	 <p>Cllr Terence Slowey Fine Gael</p>

## Ceantar Bardasach Inis Eoghain

 <p>Cllr Paul Canning Fianna Fáil</p>	 <p>Cllr Nicholas Crossan Independent</p>	 <p>Cllr Albert Doherty Sinn Féin</p>	 <p>Cllr. Rena Donaghey Fianna Fáil</p>	 <p>Cllr Martin Farren Labour</p>
 <p>Cllr Martin McDermott Fianna Fáil</p>	 <p>Cllr Bernard McGuinness Fine Gael</p>	 <p>Cllr Jack Murray Sinn Féin</p>	 <p>Cllr John Ryan Fine Gael</p>	



## Ceantar Bardasach Leitir Ceanainn

 Cllr Liam Blaney Fianna Fáil	 Cllr Ciaran Brogan Fianna Fáil	 Cllr Jimmy Kavanagh Fine Gael	 Cllr Michael McBride Independent	 Cllr James Pat McDaid Fianna Fáil
 Cllr Ian McGarvey Independent	 Cllr Gerry McMonagle Sinn Féin	 Cllr John O'Donnell Independent	 Cllr Mick Quinn Sinn Féin	 Cllr Dessie Shiels Independent

## Ceantar Bardasach Shrath an Urláir

 Cllr Gerry Crawford Fianna Fáil	 Cllr Gary Doherty Sinn Féin	 Cllr Liam Doherty Sinn Féin
 Cllr Martin Harley Fine Gael	 Cllr Frank McBrearty Independent	 Cllr Patrick McGowan Fianna Fáil

# Ceantair Bhardasacha Chontae Dhún na nGall



## Struchtúr Bainistíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall

Tá cúig stiúrthóireacht i gComhairle Contae Dhún na nGall. I gceannas ar gach stiúrthóireacht tá Stiúrthóir Seirbhísí agus tugann gach stiúrthóireacht réimse feidhmeanna agus seirbhísí.



## **Cruinnithe Comhairle 2016**

Bhí 9 gcruinniú iomlána den Chomhairle in 2016 agus tháinig gach Ceantar Bardasach le chéile mar seo a leanas:

- Dún na nGall - 11 uair
- Na Glinntí - 10 uair
- Inis Eoghain - 11 uair
- Leitir Ceanainn - 8 uair
- Srath an Urláir - 7 uair

Thionóil an Grúpa Polasaí Chorporáidigh 6 chruinniú.

### **Coistí Polasaí Straitéisigh**

Tá cúig Choiste Polasaí Straitéisigh ann (CPS).

#### **CPS Pobail, Sóisialta agus Cultúrtha**

An Comhairleoir Marie Therese Gallagher  
Cathaoirleach

Tháinig an CPS Pobail, Sóisialta agus Cultúrtha le chéile ceithre iarraidh agus d'athbhreithnigh siad na polasaithe agus na saincheisteanna seo a leanas:

- Cultúr: Plean Straitéiseach Seirbhísí Cultúrtha (2016-2020).
- Creat Comhaontaithe: comhaontú idir an Chomhairle Ealaíon agus an CCMA.
- Beartas Sealbhaithe Chartlann Chontae Dhún na nGall.

- Beartas Caomhnaithe Chartlann Chontae Dhún na nGall.
- Plean Gníomhaíochta Shíocháin IV.
- Uasdátú LEADER/RDP
- Tuarascáil ar Aonad Maoinithe an Aontais Eorpaigh.

#### **CPS Geilleagair, Fiontraíochta & Pleanála Polasaí**

An Comhairleoir Paul Canning  
Cathaoirleach

Thionóil an CPS Geilleagair, Fiontraíochta agus Pleanála Polasaí ceithre chruinniú agus pléadh na hábhair seo a leanas:

- Cur i láthair ar Struchtúir Athbhreithnithe taobh istigh de na Seirbhísí Pobail, Fiontraíochta agus Pleanála.
- Oifig Fiontraíochta Áitiúla - léargas ginearálta ar chlár oibre agus béim faoi leith ar
  - Athbhreithniú 3 bliana ar an Tionscnamh um Bia Cósta
  - Clár Micreaghnó LEAN
- Amlíne chun Athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Forbartha an Chontae.
- Athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae.
- Athbhreithniú ar Scéim
- Uasdátú ar Phlean Ceantair Áitiúil Shraith 2
- Treoir an Aire maidir le hÉagsúlacht Uimhir 2 i bPlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018.
- Plean Áitiúil Géilleagair Pobail Dhún na nGall (PÁGP).

## **CPS Seirbhísí Éigeandála agus Comhshaoil**

An Comhairleoir John O'Donnell  
Cathaoirleach

Tháinig an CPS Comhshaoil agus Seirbhísí Éigeandála le chéile ceithre iarraidh agus d'athbhreithnigh siad a leanas:

- Plean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola.
- Bainistíocht trána.
- Bainistíocht bruscair.
- Treoir Creata Uisce.
- Bailte Slachtmhara.
- Oifig Uiscí agus Pobail Údaráis Áitiúla (OUPÚÁ)

## **CPS Seirbhísí Tithíochta agus Corparáideacha**

An Comhairleoir Frank McBrearty,  
Cathaoirleach

Bhí dhá chruinniú ag CPS Seirbhísí Tithíochta agus Corparáideacha agus athbhreithníodh polasaí agus nósanna imeachta maidir leis na hábhair seo a leanas:

- Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí (breisíoch) 2016.
- Polasaí ar Chlár Nua Áitribh.
- Measúnacht ar Riachtanas Tithíochta

## **CPS Bóithre & Iompair**

An Comhairleoir John Ryan,  
Cathaoirleach

Tháinig an CPS Bóithre agus iompair le chéile 4 huairé le linn 2016 agus cuireadh ar an eolas é faoi chuid mhór ábhar, lena n-áirítear;

- Maoiniú chun bóithre a chaomhnú.
- Táscairí Seirbhíse Bóithre.
- N2/A5 (Baile Átha Cliath/Dún na nGall).
- Tionscnaimh TEN-T i nDún na nGall.
- Athbhreithniú ar Luasteorainn agus Luasteorainneacha in Eastáit Tithíochta.
- Beartais Sábháilteachta i Scoileanna.
- Iompar Tuaithe.
- Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail agus Scéimeanna Feabhsuithe Áitiúla.
- Bainistíocht Speicis Ionracha.
- Tionscnamh Píolóta Bearradh Fáil Dhún na nGall/Thiobraid Árann.
- Socruithe nua maidir le Bainistíocht Oscailtí Bóithre.



## Fáiltithe Cathartha 2016

### Anthony Molloy

Bronnadh Saoirse Dhún na nGall ar Anthony Molloy, Conallach a bhfuil aithne mhaith air, ag fáiltiú cathrach a eagraíodh in onóir ar an 7 Meitheamh 2016 mar aitheantas ar a ndearna sé ar son na peile Gaelaí i gCo. Dhún na nGall agus in Éirinn agus ar an tsár-obair atá déanta aige mar ambasadóir i measc Dhiaspóra Dhún na nGall. Tá sé ar an seachtú duine le Saoirse Dhún na nGall a fháil.



### Cumainn Sacair Finn Harps

Ar an 16 Bealtaine 2016 tugadh onóir do Chumann Sacair Finn Harps le linn fáiltiú cathrach mar aitheantas ar ardú céime an chumainn go dtí príomhroinn Shraith na hÉireann agus an pháirt iontach a ghlacann siad sa phobal tríd na cláir agus na tograí uile a eagraíonn siad.



### An tOllamh William C Campbell

Eagraíodh fáiltiú cathrach ar an 26 Meán Fómhair don Ollamh William C Campbell, as Ráth Mealtain ó dhúchas, mar chomhartha aitheantais as a bheith ina chomhbhuaiteoir ar Dhuais Nobel i bhFiseolaíocht nó Leigheas don bhliain 2015. Bronnadh an Duais Nobel air féin agus ar Satoshi Omura ón tSeapáin agus Tu Youyou ón tSín mar gheall ar a gcuid fionnachtana a d'athraigh as éadan an chóireáil a dhéantar ar chuid de na galair sheadánacha is measa dá raibh riamh ann, Daille Abhann agus Fioláiriáis Limfeach ina measc.





## An Dr Peter Fitzgerald

D'óstáil an Cathaoirleach an Comhairleoir Ciaran Brogan fáiltiú in ómós don Dr Peter Fitzgerald, bunaitheoir Shaotharlanna Radox, mar aitheantas ar an méid ollmhór atá bainte amach aige in earnáil na ndiagnóisticí leighis, agus an obair atá déanta aige i réimse taighde agus forbartha. Aithníodh gur chuir an cinneadh a rinne Radox bheith lonnaithe i nDún na nGall go mór leis an chontae.



## Caroline Faulkner

Tá Caroline Faulkner i ndiaidh éirí as mar Phríomhfheidhmeannach Sinsearach agus mar Phríomhoifigeach Faisnéise le haghaidh Pramerica Systems Ireland agus thug an Cathaoirleach an Comhairleoir Ciaran Brogan ómós di ag fáiltiú speisialta in Ionad Seirbhíse Poiblí Leitir Ceanainn ar an 29 Márta 2016. Tugadh aitheantas do Caroline agus do Pramerica agus aithníodh an méid a chuir siad leis an chontae ní amháin ó thaobh na fostaíochta de ach in aitheantas don obair mhór atá déanta acu ar son carthannachtaí.

## An tSiúr Mary Dolores Sweeney

Eagraíodh fáiltiú in ómós don tSiúr Mary Dolores Sweeney in Ionad Seirbhíse Poiblí an Chlocháin Léith ar an 13 Nollaig 2016 mar chomhartha aiteantais ar an méid atá bainte amach aici agus an obair atá déanta aici ar son mhuintir Shiarra Leon agus mar aithentais fosta gur bronnadh Duais Seirbhís Dearsca an Uachtaráin. Bronnadh é seo uirthi mar chomhartha aitheantais dá hobair chrua, dá tiomantas agus dá cuid iarrachtaí leanúnacha chun saol daoine eile a fheabhsú.



## **Cuairt Phrionsa na Breataine Bige agus Bhandiúc Chorn na Breataine**

Ar an 26 Bealtaine 2016 chuir an Cathaoirleach an Comhairleoir Ciaran Brogan fáilte roimh Phrionsa na Breataine Bige agus Bhandiúc Chorn na Breataine chun na tíre ag fáiltiú in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn. Bhí aíonna ó eárnálacha áirithe sa chontae, lena n-áirítear óige, spórt, na healaíona, oidhreacht, tamhlaíoch/cultúr uisce, pobal/deonach, gnólachtaí, turasóireacht agus ón Ghaeltacht i láthair. Thug sé deis ar an chéad dul síos na samplaí iontach den chomhoibriú trasteorann a léiriú agus an dóigh ar chuir sé seo le

caidrimh dhearfacha agus caidrimh a raibh toradh leor i réimsí tábhachtacha áirithe.



# Pobal, Fiontar & Pleanáil

## Forbairt Pobail

### Bainstíocht Cistí

Leithdháileadh €740,000 san iomlán ó Thionscnamh an Chiste Forbartha ar 150 tionscnamh agus grúpa sna cúig Cheantar Bhardasacha i rith 2016.

Leithdháileadh €260,000 sa bhreis faoi Chiste Forbartha na mBall ar 431 grúpa agus tionscnamh pobail.

### Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ)

Tháinig an CFPÁ le chéile go rialta i rith na bliana agus bhí freagracht iomlán aige chun an Clár um Ghníomhú Pobail agus um Ionchuimsiú Sóisialta (CGPIS) i nDún na nGall. Rachaidh an clár seo ar aghaidh go dtí Nollaig 2017 agus dírionn sé ar phobail atá faoi mhíbhuntáiste, foghlaim ar feadh an tsaoil agus fostaíocht a chumhachtú.

### CLÁR RDP LEADER 2014 - 2020

Is é CFPÁ an Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil do Chontae Dhún na nGall chomh maith laistigh de chlár nua RDP LEADER 2014-2020 agus an Straitéis um Fhorbairt Áitiúil. Tá leithdháileadh €12.9 ar fáil don chontae agus beidh sé á stiúradh ag an Straitéis Forbartha Áitiúil atá á forbairt ag an CFPÁ, straitéis ar glacadh léi in 2016. Gheobhaidh an coiste tacaíocht chomh maith ó cheithre chomhpháirtí infheidhmithe, is iad siúd Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain, Cuideachta Forbartha Áitiúil Dhún na nGall, Comhar na nOileán agus Údarás na Gaeltachta.

## 2016 Highlights

150 Projects benefitted from €740,000 Strategic Development Fund

€236,000 allocated to 431 community initiatives from Members Development Fund

Local Development Strategy adopted delivering €12.9m under LEADER Programme in Donegal

Donegal PEACE IV Action Plan worth €5.5m submitted to SEUPB for approval

Local Economic & Community Plan adopted

Over €2.7m secured for Donegal County Council through a range of EU funded projects

LEO approved €450,000 to 20 projects with potential to create more than 90 new jobs

Over 1,100 persons engaged in LEO mentoring or training & management development programmes

500 attend 19 events during Donegal Enterprise Week

Chris Matthews received 2016 Tip O'Neill Irish Diaspora Award

18 businesses from North West Region participated in Trade Mission to Boston

1,893 Planning applications received

208 New Enforcement cases pursued

Over €1m secured to Take in Charge 40 estates

## Clár PEACE IV

Is fostruchtúr de chuid an CFPÁ é an Chomhpháirtíocht Peace IV agus tá sé freagracht as forbairt agus cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta Peace IV i nDún na nGall. Cuireadh Plean Gníomhaíochta Peace IV Dhún na nGall agus buiséad de €5.5m leis faoi bhráid Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) in 2016. Leagtar amach sa phlean seo na cineálacha gníomhaíochtaí atá le tacú leo faoi thrí phríomh-cheannteideal: ‘Leanaí agus Óige’, Tionscadail Spáis Chomhroinnte’ agus ‘Caidreamh Dearfach a Thógáil’.

## Plean Áitiúil Géilleagair Pobail Dhún na nGall (PÁGP).

Ghlac an Chomhairle iomlán le Plean Áitiúil Géilleagair Pobail Dhún na nGall (PÁGP), plean a mhairfidh

sé bliana. Is é is cuspóir leis an phlean seo ná gníomhaíochtaí a aithint agus a chur i bhfeidhm chun gnéithe de gheilleagar agus de phobal an chontae a neartú agus a fhorbairt chun cur i bhfeidhm straitéisí reatha agus straitéisí molta ar bhonn náisiúnta, réigiúnda, pobail agus geilleagair a léiriú agus a neartú.

## Aonad Mhaoiniú agus Pholasaí AE

Lean an tAonad AE ar aghaidh ag díriú ar dheiseanna seachtracha maoinithe agus ar réimse de thionscnaimh atá maoinithe ag an AE agus tá á soláthar faoi láthair. Cuireadh iarratais isteach cheana féin ar réimse de thionscnaimh agus táthar á meas faoi láthair.

Tionscnaimh Ghníomhacha/ Ceadaithe ag an Aonad:			
Clár	Teideal Tionscnaimh	Cur síos	Buiséad Chomhairle Contae Dhún na nGall
Clár Interreg an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh	SECURE	Pobail Fuinnimh Chliste	€253,009
	ASCENT	An Earagail - bainistíocht chomhshaoil	€568,580
	WaterPro	Cosaint uisce.	€252,000
	Cool Route	Féidearthachtaí gnó le bealaí cúrsála luamh a iniúchadh.	€196,605
Clár Interreg Eorpach	HERICOAST	Turasóireacht Oidhreachta agus Chultúir	€322,256
	NICHE	Nuálaíocht sa tionscadal bia.	€354,850
Eoraip na Cruthaitheachta: COSME	An Tionscnamh Fánaíochta san Eoraip	Bealach na Gaeltachta & Siúlóidí na nOileán.	€50,105
	WILDSEA Europe	Caomhnú na mara/turasóireachta.	€33,600

AE: COSME	Líonra Fiontraíochta na hEorpa	Cuidiú le gnólachtaí áitiúla le deiseanna easpórtála.	€600,000 (meastachán thar thréimhse 3 bliana)
ERDF/ALDA	LADDER	Ardú feasachta ar fhorbairt dhomhanda.	€154,550
		<b>Maoiniú iomlán leithdháilte ar Dhún na nGall faoi na Tionscnaimh seo</b>	<b>€2,785,555</b>

**Tionscnaimh Beartaithe (Iarratais curtha isteach):**

Clár	Teideal Tionscnaimh	Cur síos	Buiséid (nuair a bhíonn siad ar fáil)
Clár Interreg an Cheantar Atlantaigh	Trail Gazers	Conairí a mhapáil.	€ 2.33 M
	CAPITEN	Turasóireacht mara - seoltóireacht.	€ 2.9 M
	Tides of Time	Conair oidhreachta mara.	€ 2.9 M
	An tAtlantach ar Rothar	Margaíocht agus cur chun cinn conairí rothaíochta.	€ 4.8 M
	RECoNET 2020	Athnascadh Líonra Natura 2000 go 2020	€ 2.127 M
Clár Trasteorann Interreg	Líonraí Gleasbhealaí an Iarthuaiscirt	Bealach Inbhuanaithe iompair a fhorbairt ar bhonn trasteorann	€ 18 M
	CatchmentCARE	Chun cáilíocht uisce a fheabhsú in abhantraí trasteorann.	€ 15 M
	CAMBER	Ionad nuálaíochta acmhainní mara, na Cealla Beaga.	€ 14 M
	Co-Innovate	Cumas nuálaíochta FB Manna a mhéadú.	€ 23 M
		<b>Maoiniú iomlán curtha isteach air le haghaidh gach Comhpháirí Tionscnaimh</b>	<b>€ 85.057 M</b>



## **Cuimsiú Sóisialta / Forbairt Pobail**

Lean an Chomhairle ag tacú le tionscnaimh áirithe maidir le cuimsiú sóisialta in 2016 lena n-áirítear: An tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta, an Straitéis a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus Grúpa Comhordaithe na mBeartas um Chuimsiú Sóisialta (SIM). Lean sé ag tabhairt tacaíochta riaracháin don Líonra Rannpháirtíochta Áitiúil (LRÁ) agus do Chomhairle na nÓg.



*Imeacht Daoine Breacaoste Ard Rátha*

## **Forbairt agus cur chun cinn na Turasóireachta**

Thacaigh an Chomhairle le réimse leathan de ghníomhaíochtaí agus imeachtaí a bhain le turasóireacht lena n-áirítear:

- Turasóireacht Dhún na nGall Teo;
- Oifig Scannán Dhún na nGall ([www.donegalfilmoffice.ie](http://www.donegalfilmoffice.ie));
- Tionscnaimh mhargaíochta turasóireachta lena n-áirítear: Seónna Saoire Domhanda (Béal Feirste agus Baile Átha Cliath), feachtas Ghlaschú agus Taispeántas Éireann Connect 16;
- Tionscnaimh mhargaíochta turasóireachta mara lena n-áirítear: Seó Bád an Tuaiscirt, Féile Mara Seafest Learphoill,

Gaillimh, Seimineár Turasóireachta Mara, Baile Dhún na nGall agus Dive 16 in Birmingham.

- Tacaíocht leanúnach le haghaidh tionscadail shuaitheanta ar nós: Sliabh Liag, Ceann Mhálainne agus Teach Solais Fhanáda.
- Tacaíocht le haghaidh imeachtaí áitiúla ar nós Chraobhchomórtais Rince Uladh i mBealach Féich i Meitheamh agus i Samhain agus Craobhchomórtas na hÉireann i Rámhaíocht Chósta i nDún na nGall.



*Foireann Dhún na nGall ag Connect 16*

## **Rochtain Aeir/ Seirbhísí Farantóireachta**

Thacaigh an Chomhairle le rochtain aeir chuig an réigiún le cúnamh airgid chuig aerfort Iarthar na hÉireann agus Aerfort Idirnáisiúnta Dhún na nGall. Fuair an Chomhairle dhá sheirbhís farantóireachta, sin An Caisleán Nua - Aird Mhic Giollagáin (Bád Farantóireachta an Fheabhail) agus Bun Cranncha - Ráth Maoláin (Bád Farantóireachta na Súilí).

## **Tairseach Leitir Ceanainn**

Fuair an Chomhairle €2milliún ó Scéim Dheontais na Sainonad Uirbeacha (2014-2020) do Thairseach Leitir Ceanainn.

## Forbairt Fiontraíochta agus Gheilleagrach

### Oifig Fiontair Áitiúil

#### Cúnamh Deontais

Cheadaigh an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) cúnamh deontais de bhreis agus €450,000 do 20 tionscadal a raibh féidearthacht leo 90 post nua a chruthú. Cruthaíodh 183 post sa bhreise in 2016 i ngnólachtaí tacaithe ag an Oifig Fiontair Áitiúil.

#### Meantóireacht / Oiliúint

Ghlac breis agus 1,100 duine páirt i 56 chlár oiliúna agus forbartha bainistíochta a d'eagraigh an OFÁ nó fuair siad meantóireacht uathí. Áirítear leis na Cláir: Forbairt Bainistíochta le haghaidh Úinéirí Mná ar Bainisteoirí iad, Tosaigh do Ghnólacht Féin, Margadh Digiteach, Clár Acmhainní Daonna, LEAN, Margadh Straitéiseach agus Brandáil, Clár Infheistíochta agus Forbartha Ghnó Chruthaitheach, an tAcadamh Bia agus réimse de cheardlanna san earnáil Bhia.

Eagraíodh ceardlanna gnó ar na hábhair seo a leanas: Maoin Intleachtúil, Soláthar Poiblí, Margaíocht Dhigiteach, Díolacháin agus Díolaíocht, Seirbhís Chustaiméirí, agus Plean Gnó a scríobh.

Rinneadh athbhreithniú ar an Straitéis um Bia Cósta agus in 2017 beidh fócas athnuaite ar an Bhranda Bia Chósta, ar Líonra Bia Chósta agus ar Shraith Bhia a fhorbairt.

Leanadh le seoladh an Phlean Gníomhaíochta Straitéisí faoi choinne Fiontraíocht a chruthú do Dhún na nGall agus cuireadh dhá

chlár nua forbartha gnó ar fáil. Clár gnó agus infheistíochta a bhí sa chéad cheann agus d'éirigh le seisear rannpháirtithe infheistíocht a fháil agus reáchtáladh an dara ceann i gcomhar le Comhairle Deartha agus Ceardaíochta na hÉireann agus ba mhó an fócas a bhí ar thráchtáil níos fearr le gnólachtaí cruthaitheacha. Eagraíodh dhá ócáid taispeántais, ceann acu acu le linn Sheachtain na Fiontraíochta agus dara ceann le linn Fhéile Ealaíne an Earagail.



Ócáid Taispeántais Chruthaitheach

#### Clár an Fhiontraí Óg is Fearr in Éirinn

Fuarthas breis agus 80 iarratas do bhabhta an chontae don chomórtas An Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn agus ba iad na buaiteoirí ná Brendan Toner, Audit International, Leitir Ceanainn don Ghnólacht Reatha is Fearr agus Buaiteoir Iomlán an Chontae, Rebecca Fleury, Smart Steps, An Chonmhaigh, don Tionscnamh Gnó is Fearr agus Gillian Doyle, Cerebreon Technologies, An Port Nua, don Smaoineamh Nua is Fearr.



Grodchúrsa IBYE 2016

### **Seachtain na Fiontraíochta**

Bhí Seachtain na Fiontraíochta Dhún na nGall 2016 ann ón 7 - 11 Márta agus d'fhreastail 500 ar 19 imeacht faoi leith. Le linn na seachtaine bhí Geoff Ramm, Alastair Dobson agus Pádraig Ó Céidigh mar phríomhchainteoirí agus ba é buaicphointe na Seachtaine Gnó babhta ceannais Dhámhachtainí Gnó Dhún na nGall Dé hAoine. Ba é Richard Finney, The Counter, an buaiteoir iomlán agus bhain Joe Bonner, Metal Crafts Ltd agus Get Brain Fit na buaiteoirí eile.

### **Lean for Micro**

Phíolótaigh an Oifig Fiontraíochta Áitiúil clár forbartha bainistíochta Lean for Micro in 2015. D'eagraigh sé clár "leantach" ina dhiaidh do sé cinn de na gnólachtaí rannpháirteacha agus d'éirigh leo coigilitis de €200,000 a dhéanamh.

### **Éarlais Trádála ar Líne**

D'fhaomh an Oifig Fiontraíochta Áitiúil 25 Éarlais Trádála ar Líne do 25 ghnólacht sa chontae. Maoiníonn na héarlaisí seo na costais atá ag gnólacht ag feabhsú a láithreachta agus a gcumais díolacháin ar líne. Tá an éarlais ag ráta 50% a fhad le huasmhéid €2,500 agus tá sé maoinithe ag an Roinn Cumarsáide, Muirí & Acmhainní Daonna.

### **Cláir Eorpacha**

Bhí baint ag an Oifig Fiontair Áitiúil le dhá thionscadal Eorpacha a sholáthar agus d'éirigh léi ina hiarratas ar dhá thionscadal eile.

### **Líonra Fiontraíochta na hEorpa**

Is éard atá i Líonra Fiontraíochta na hEorpa ná tionscadal náisiúnta lena bhfuil baint ag an phríomhpháirtí, Fiontraíocht Éireann, na Comhlachais Tráchtála i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh agus an Oifig Fiontair Áitiúil i nDún na nGall. Soláthraíonn sé rochtain ar líonra de bhreis agus 600 gníomhaireacht a thugann tacaíocht don fhiontraíocht i mbreis agus 60 tír chun cuidiú le gnólachtaí de gach méid chun deiseanna idirnáisiúnta margadóirí a aithint agus a rochtain a fháil orthu. Lean Oifig Fiontair Áitiúil Dhún na nGall soláthar an tionscadail seo a chur chun cinn i measc gach ceann de na 31 Oifig Fiontair Áitiúil ar fud na hÉireann.

### **NICHE**

Tionscadal atá in NICHE atá dírithe ar leibhéal na nuálaíochta a mhéadú i ngólachtaí atá rannpháirteach ar gach leibhéal den slabhra luacha bhia. Tá an príomhpháirtí lonnaithe i réigiún in Iarthar na Rómáine agus tá seachtar comhpháirtí sa tionscadal ón Fhionnlainn, ón Eastóin, ón Pholainn, ó Thuaisceart Éireann agus ón Ghréig. Seoladh an tionscadal ag comhdháil i nDún na nGall i nDeireadh Fómhair agus roimhe seo d'fhoilsigh agus chuir OFÁ Dhún na nGall amach sraith de 22 chás-staidéir Dea-Chleachtais i réimse na nuálaíochta bia.

### **Co-Innovate**

Tá an clár trasteorann seo á reáchtáil ag Idirthráchtáil Éireann



agus tá siad ag comhoibriú le Fiontraíocht Alban, na Garbhchríocha agus na hOileáin, Fiontraíocht TÉ agus na sé OFÁ ag an teorainn. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo, a mhairfidh ar feadh cúig bliana, líon na ngólachtaí beaga agus na mionghnólachtaí atá ag glacadh páirte i nuálaíocht fhoirméalta a mhéadú. Is é an toradh a bhfuiltear ag súil leis ná go mbeidh ar a laghdh 19 ngólacht ann nó grúpa de ghnólachtaí a bheidh in ann cur isteach ar an chéad bhabhta eile de mhaoiniú Horizon 2020.

### **FBManna Idirnáisiúnta Gach Áit (FBMI)**

Tá Comhairle Contae Hampshire chun tosaigh sa tionscadal seo a bhfuil INTERREG AE i gceannas air agus tá réimse de 10 gcomhpháirtí aige ó 9 dtír ar fud na hEorpa. Is í an aidhm fhoriomlán atá aige ná dea-chleachtas a aithint ar leibhéal gnólachta agus ar leibhéal réigiúnach, i réimse idirnáisiúnú gnólachtaí beaga agus an dóigh ar féidir idirnáisiúnú a chur chun cinn tríd an iomaíochas.

### **Diaspóra Dhún na nGall**

Tréimhse aistrithe a bhí in 2016 do thionscadal Dhiaspóra Dhún na nGall agus tá an tionscadal anois á bhainistiú ag an Aonad Forbartha Fiontraíochta agus Geilleagair.



*Chris Matthews, buaiteoir Dámhachtain Dhiaspóra na hÉireann Tip O'Neill, 2016*

Eagraíodh na himeachtaí seo a leanas:

- Eagraíodh an cúigiú Comhdháil bhliantúil Dhiaspóra Dhún na nGall-na hÉireann idir an 19 - 20 Bealtaine 2016 agus labhair painéal de chainteoirí tábhachtacha ó SAM, ó Albain agus ó Éirinn ann.
- I Meán Fómhair eagraíodh Dámhachtainí Dhiaspóra na hÉireann Tip O'Neill agus ba é Chris Matthews, iriseoir agus tráchtair polaitiúil a thug dámhachtain 2016 leis.
- Tharla misean trasteorann Trádála agus Infheistíochta go Massachusetts i Samhain le Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin. Ghlac 18 ngnólacht ón réigiún páirt sa mhisean agus seoladh bróisiúr nua comhinfheistíochta 'Tairseach go Fás' agus físeán bolscaireachta. Chríochnaigh an misean ag Comhdháil Golden Bridges i mBostún.



*Toscaireacht an Iarthuaiscirt le linn na Cuairte ar Theach Stáit Massachusetts*

## **Coiste um Fhorbairt Gheilleagrach**

Athbhunaíodh an Coiste um Fhorbairt Gheilleagrach in 2016 i ndiaidh idirthréimhse.

## **Comhpháirtíocht um Fhorbairt Straitéiseach an Iarthuaiscirt**

Bhí an chéad chruinniú ag Comhpháirtíocht um Fhorbairt Straitéiseach an Iarthuaiscirt (CFSI) i Nollaig 2016 agus bhí Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin i gceannas air.

Tá ionadaithe sinsearacha anois sa Chomhpháirtíocht ó rannóga Rialtais agus ón Phoblacht na hÉireann agus ó Thuaisceart Éireann.



*Cruinniú Tionscnaimh an CFSI*

Cuireann sé deis ar fáil le haghaidh na comhphleanála agus cuireann sé comh-acmhainní ar fáil a chuideoidh le forbairt réigiún an Iarthuaiscirt. Chomh maith leis sin, oibríonn sé le chéiel ar an obair atá á déanamh ag Grúpa Forbartha Réigiún an Iarthuaiscirt.

Ceann de na chéad imeachtaí a eagraíodh i gcomhthéacs na Comhpháirtíochta seo ba ea an chomhdháil maidir le Fás a Chur Chun Cinn san Iarthuaisceart inar

cíoradh freagraí an réigiúin maidir le dúshláin agus le deiseanna na Breatimeachta.

## **Dámhachtain um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil**

Bhain Comhairle Contae Dhún na nGall an dámhachtain don Chomhthionscnamh Údaráis Áitiúil ag Dámhachtainí Feabhais i Rialtas Áitiúil urraithe ag Chambers Ireland mar gheall ar an obair atá déanta aige le Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin faoin chur chuige comhpháirtíochta seo a léiríonn cur chuige nua maidir le forbairt réigiúnach agus comhoibriú trasteorann.

## **Seirbhísí Pleanála**

Bliain ghnóitheach eile ba ea 2016 don tSeirbhís Phleanála agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar chur chuige nua dírithe ar chustaiméirí a thabhairt isteach maidir le soláthar na seirbhíse seo trí struchtúir Cheantair Bhardasacha.

## **Aonad Lárnach Pleanála**

Gné lárnach d'obair an Aonaid Lárnaigh Phleanála ba ea seoladh foirméalta reachtúil an athbhreithnithe ar Phlean Forbartha an Chontae 2012-2018, agus cur i gcrích na chéad chéime den chomhairliúchán phoiblí agus den chomhairliúchán le baill tofa.

Cuireadh tionscadal Phlean Ceantair Áitiúil Shraith 2 chun cinn agus bhí an dara tréimhse chomhairliúcháin ann go luath sa bhliain agus bhí roinnt ceardlanna na mball ann ar leibhéal Ceantair Bhardasaigh níos moille sa bhliain.

Glacadh le Scéim do Ranníocaíocht Forbartha 2016-2021 i Meán Fómhair 2016 agus tá sé seo i bhfeidhm ón 10 Deireadh Fómhair 2016.

Riaradh dhá scéim dheontais a bhain le caomhnú, an Ciste um Struchtúir i mBaol agus Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha.

Fuarthas maoiniú suntasach de €279,408 ó INTERREG Europe le haghaidh an tionscadail HERICOAST a seoladh go hoifigiúil in Aibreán 2016. Is tionscadal comhoibríthe idir-réigiúin é seo agus tá mar aidhm leis bainistíocht beartais a bhaineann leis an chósta nádúrtha agus leis an oidhreacht chultúrtha a fheabhsú.



Tá an tSeirbhís Phleanála ina comhpháirtí fosta leis an tionscadal IMPROVE agus tá sé ag obair le grúpaí pobail áitiúla chun rannpháirtíocht an phobail agus modhanna rannpháirtíochta a fhorbairt trí chur chuige saotharlanna beo a úsáid.

Tá comhpháirtithe ag an tionscadal san Íoslainn, san Fhionnlainn, san Iorua, sa tSualainn agus i nDoire agus tá siad ag comhoibriú ar roinnt tionscnamh maidir le soláthar seirbhísí poiblí comhtháirgthe.



## Aonad Forfheidhmithe

Rinne an tAonad Forfheidhmithe iniúchadh ar roinnt cásanna nuathuiriscithe.

<b>Sonraí Forfheidhmithe - 2016</b>	
Cásanna nua oscailte	208
Litreacha Rabhaidh eisithe	127
Fógraí forfheidhmithe eisithe	50
Fógraí práinneacha eisithe	11
Atreoruithe chun na cúirte	24
Cásanna a caitheadh amach i ndiaidh a n-iniúchta	77
Cásanna a réitíodh	58

## Eastáit neamhchríochnaithe agus Réiteach Suíomhanna

Críochnaíodh obair ar 7 bhforbairt tithíochta nach raibh críochnaithe i nDún na nGall faoi Mhaoiniú Réitigh Speisialta agus Mhaoiniú Sábháilteachta Poiblí.

Cuireadh tionscnaimh chun suíomhanna a réiteach i bhforbairtí tithíochta eile chun cinn tríd idirbheartaíocht agus chomhrá le páirtithe leasmhara lena n-áirítear forbróirí, áititheoirí, glacadóirí, leachtaitheoirí agus institiúidí airgeadais.

Leanadh bannaí sábháilteachta le hinstitiúidí airgeadais agus le bainc chun rochtain a fháil ar mhaoiniú chun bonneagar poiblí a chríochnú sna forbairtí nach raibh críochnaithe.

## An próiseas chun Dul i gCeannas

I Samhain 2016, rith Ceantar Bardasach Leitir Ceanainn rúin go foirméalta faoi na hAchtanna um Bóithre agus Pleananna chun Dul i gCeannas ar 14 eastát ainmnithe sa Cheantar Bardasach.


Ar an dóigh chéanna, bhí pleananna go maith chun tosaigh chun Dul i gCeannas ar 15 eastát i gCeantar Bardasach Inis Eoghain.

Fuarthas maoiniú de €1,049,769 ón Tionscnamh Náisiúnta Dul i gCeannas chun cuidiú le dul i gceannas ar 40 eastát i nDún na nGall.

## Aonad Iarratas Forbartha

Cuireadh feabhas ar sheachadadh na Seirbhíse Pleanála nuair a tugadh isteach cur chuige nua ba é sin úsáid a bhaint as struchtúr na gCeantar Bardasach ionas go mbeadh sé níos fusa ar bhaill an phobail rochtain a fháil ar an tSeirbhís Pleanála i ngach Aonad Seirbhíse Poiblí sa tír.

Lean an méadú ar líon na n-iarratas pleanála a fuarthas in 2016 agus fuarthas 1893 iarratas, líon arbh ionann é agus méadú de 20% ar líon na n-iarratas a fuarthas in 2014.




Léiríonn próifíl na gcineálacha iarratas líon seasta d'iarratais atá ar nós iarratas cónaithe ach léiríonn siad fosta líon suntasach d'iarratais tráchtála atá á meas ag an tSeirbhís Pleanála.

Sáraíonn na sonraí castacht mhéadaithe cásanna, go háirithe maidir leis an mheasúnú atá déanta ar áiteanna cónaithe. Is é an toradh

atá air seo ná go mbíonn tairseach níos airde breathnúcháin ag teastáil in iarratais ná mar a bhí roimhe. Bhí beagnach trian de na hiarratais faoi réir iarratais ar eolas breise le linn 2016. Léiríonn sé seo ní amháin castacht na gcásanna ach gá méadaithe le cumarsáid le Gníomhairí agus le hAiltirí maidir leis na cásanna atá ag teacht amach agus ar gá iad a mheas mar

chuid den mheasúnacht ar go leor de na hiarratais. Moltar go mbeidh sraith de cheardlanna logánta ann le haghaidh Gníomhairí ann in 2017.



Bíonn an tSeirbhís Pleanála ag plé go rialta le réimse de chineálacha cásanna eile, ina measc siúd bíonn fiosrúcháin Réamhphleanála, iarratas Chéim 8, moltaí foraoiseachta, ceadúnais Rannán 254, ceadúnas corrrhádála agus fiosrúcháin a bhaineann le próiseáil

agus le híocaíocht ranníocaíochtaí forbartha.

**Tuarascáil ó Liam Ward,  
Stiúrthóir Seirbhíse**

# Corparáideach, Tithíocht & Cultúr

## Seirbhísí Tithíochta

Is é aidhm fhoriomlán ár bpolasáí tithíochta a chur ar chumas gach teaghlaigh áit chónaithe inacmhainne ar dhea-chaighdeán a bheith acu, atá fóirsteanach dá riachtanais, atá i ndeathimpeallacht agus, a fhad agus is féidir, ar feadh tréimhse atá dá rogha.

Ar na cineálacha cuidithe a cuireadh ar fáil le linn 2016, bhí réimse ann, ó mheascán de leithdháileadh tionóntachtaí faoi Chlár Tithíocht Shóisialta na Comhairle féin, Clár Tithíochta Deonach, Tionscnamh i leith Léasú Fadtéarma, Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) agus Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) agus soláthar cabhair dheontais faoin Scéim um Dheontais Oiriúnaithe Tí do dhaoine atá faoi mhíchumas, an Scéim Deontais d'Áiseanna Luaineachta an Scéim Deontais faoi choinne Cuidiú Tithíochta do Dhaoine Breacaosta.

I measc gníomhaíochtaí eile leanadh ar aghaidh le cláir athchóirithe ar roinnt eastáit tithíochta de chuid an údaráis.

## Riachtanas Tithíochta

Aithníodh sa Mheasúnú ar Riachtanais Tithíochta a rinneadh ar 21 Meán Fómhair go raibh 2,384 duine a bhí faofa faoi choinne tithíocht Shóisialta i gContae Dhún na nGall agus go raibh 1,109 acu sin ag fáil tacaíocht tithíocht shóisialta cheana féin. Mar sin de, 1,275 an glanlín daoine sa chontae a bhí i ndíth.

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh a díchill riar ar riachtanais iarratasóirí, ag úsáid meascán de leithroinnt stoic tithíocht shóisialta reatha/beartaithe, áiteanna cónaithe ar léas,



## 2016 Highlights

2,384 persons in need of social housing with a net need of 1,275

1,452 tenancies set up under Housing Assistant Payment scheme

270 households accommodated under Rental Accommodation Scheme

4,842 rented units including 628 single rural houses

Improvement works to over 380 dwellings

83 vacant properties refurbished

Accommodation needs of 21 Traveller families met

Acquisition of over 80 properties initiated

Development of 157 housing units progressed across the county

87,000 calls & 5,000 online contacts answered by the Customer Service Centre

468 dogs reunited with owners or rehomed through the Donegal Dog Shelter.

Ireland 2016 Commemorative Programme delivered

3,400 children attend Wainfest 2016

RCC hosted 30 classical, folk and indie music concerts

Our story, Donegal & The Easter Rising displayed in 20 venues

County Donegal in 1916 Education & Heritage Pack launched

115 events held during Heritage Week

cóiríocht tithíochta dheonach, cóiríocht a fuarthas faoin Scéim Cóiríochta Cíos agus an Scéim Cúnamh Íocaíocht Tithíochta.

### Leithdháiltí

Leithdháileadh 25 áit chónaithe ar fad in 2016, ar teachíní tuaithe aonair, áiteanna cónaithe scéime agus ceannaigh aonair iad. Chomh maith leis sin, bhí 149 folúntas ócáideacha leithdháilte le linn 2015 agus 19 acu sin ar tionóntachtaí oidhreachta iad.

### Íocaíochtaí Cúnamh Tithíochta (ÍCT)

Cuireadh 1452 tionóntacht san iomlán ar bun faoin Scéim Íocaíochtaí Cúnamh Tithíochta amhail ar an 31 Nollaig 2016. Le cois iarratais as an nua rinneadh dul chun cinn suntasach in aistriú custaiméirí reatha fordheontas cíos chuig scéim ÍCT. Tá sé seo tairbheach ag faighteoirí sa mhéid go gcuireann sé ar a gcumas dul i gceann fostaíocht lánaimseartha agus iad ag fáil Cúnamh Tithíochta go fóill óir ríomhtar a gcíos de réir Scéim Cíosanna Dífreálacha na Comhairle.

Tionscnaíodh clár cigireachtaí tithe cónaithe cíos príobháideach i mí Feabhra le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh riachtanais reachtúla cóiríochta ar cíos mar atá leagtha amach sna Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin Tithe ar Cíos) 2008 - 2009. Cé gur díriodh i gclár tosaigh na gcigireachtaí ar tugadh íocaíocht ÍCT ina leith tá sé beartaithe seo a shíneadh le go n-áireofar gach áitreabh príobháideach ar cíos sna blianta beaga atá romhainn.

Lena chois sin, tháinig 270 teaghlach eile faoin Scéim Cóiríocht ar Cíos.

### **Cothabháil**

Ag deireadh 2016, bhí 4,842 aonad ar cíos ag an Chomhairle, lena n-áirítear 628 teach tuaithe aonair. Caitheadh €4.176m san iomlán ar ghnáthchothabháil agus ar fholúntais ócáideacha.

#### Miondealú Aonad Tithíochta

Aonaid Chaighdeánacha Údaráis Áitiúil	4,631
In-díghléasta	32
Léas Fadtéarma (Príobháideach)	179
Iomlán	4,842

### **An Stoc Tithíocht Shóisialta a Fheabhsú**

Rinne an Chomhairle feabhsuithe ar an stoc tithíocht shóisialta faoi roinnt clár mar a leagtar amach thíos:

- **Clár Uasgrádaithe Creatlaí**

Rinneadh oibreacha feabhsaithe ar níos mó ná 380 áit chónaithe faoin Chlár le cuidiú ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, dar luach timpeall €800,000 faoin chlár. Tá feabhsuithe déanta ar 1,574 aonad ar fad faoin chlár seo anois.

- **Áiteanna Cónaithe Folmha a Úsáid Arís**

Chruthaigh an Chomhairle úsáid thairbheach arís as 83 áit chónaithe in 2016 le cabhair deontas arbh fhiú €767,999 í.

- **Oibreacha Oiriúnaithe Aonuaire**

Chaith an Chomhairle €192,485 ag déanamh oiriúnuithe oibreacha beaga ar 28 aonad dá stoc tithíochta sóisialta in 2016. I mbunús na gcásanna bhí sé seo faoi choinne tionóntaí a raibh riachtanais speisialta nó míchumais acu.

- **Clár Athchóiriú Ginearálta**

Faoi chlár athchóiriú ginearálta rinneadh obair ar níos mó ná 16 aonad arbh fhiú €108,754 í.

### **Bainistíocht Eastáit**

Is cuid thábhachtach ar an iomlán í Bainistíocht Eastáit i mórchomhthéacs bainistíochta tithíochta. Faoi láthair tá cúig Oifigeach Measúnaithe Tithíochta ag an Chomhairle i mbun an róil seo. Cuireadh níos mó ná €67,000 ar fáil faoi choinne tionscnaimh bhainistíochta eastáit.

### **Deontais Tithíochta**

Feidhmíonn an Chomhairle trí dheontas atá cómhaoinithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (80%) agus Comhairle Contae Dhún na nGall (20%). Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar leibhéal deontais faoi na scéimeanna deontais éagsúla i mí na Samhna 2015 inar ardaíodh go suntasach costálacha caighdeánacha athbhreithnithe. I gcomparáid le 2015, mhéadaigh caiteachas sa réimse seo le breis agus €500,000 le linn 2016.

Tá gníomhaíocht deontas in 2016 liostaithe sa tábla seo a leanas:



<b>Cineál Deontais</b>	<b>Líon Deontas a Íocadh</b>	<b>Luach</b>
Oiriúnú Tithíochta do Dhaoine a bhfuil Míchumas acu	51	€351,172
Deontas Tithíochta d'Áiseanna Luaineachta	16	€39,923
Cuidiú Tithíochta do Dhaoine Breacaosta	107	€446,854

### **Cóiríocht don Lucht Siúil**

Le feidhmiú spriocanna cóiríochta atá leagtha amach sa Chlár Cóiríocht Lucht Siúil 2014 - 2018, tá an Chomhairle ag leanúint de sholáthar réimse leathan de chóiríocht nua agus feabhsuithe ar chóiríocht reatha don Lucht Siúil. Tá siad seo sa bhreis ar na réitigh chóiríochta a fhreastalaíonn ar riachtanais an Lucht Siúil tríd an Chlár Infheistíochta Tithíocht Shóisialta

Clár suntasach a cuireadh i gcrích i rith 2016 an t-athbhreithniú ar Shábháilteacht Dóiteáin i sainchóiríocht an Lucht Siúil faoin threoir an Oifigigh Shinsearaigh Dóiteáin. An toradh a bhí air ná moltaí le sábháilteacht dóiteáin a fheabhsú i sainchóiríocht an Lucht Siúil. Cuireadh líon suntasach de na moltaí seo i gcrích, lena n-áirítear athchóiriú agus uasghrádú oibreacha ag Láithreán Stad Bhaile an tSratha. Freastalaíodh ar riachtanais 21 teaghlach den Lucht Siúil mar a leanas

- 7 Scéim Tithíocht Chaighdeánach
- 1 Léas Fadtéarma
- 1 Thithíocht Dheonach
- 12 ÍCT

### **Tithíocht Dheonach**

Thar na blianta chuaigh Comhairle Contae Dhún na nGall i ngleic le hEarnáil na gComhlachtaí Tithíochta Faofa agus an Fheidhmeannacht Seirbhíse Sláinte le cóiríocht a chur ar fáil faoin chlár seo le freastal ar riachtanais daoine breacaosta agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Trí obair leitheadach idirghníomhaireachta leis an Fheidhmeannacht Seirbhíse Sláinte, tá scéimeanna faoin Chlár Cabhrach Caipitil dírithe go sonrach le cóiríocht riachtanas speisialta a chur ar fáil sa chás nach dtugann na foirmeacha traidisiúnta tacaíochta do thithíocht shóisialta faoin riachtanas ar leith. Soláthraíodh 10 n-aonad ar fad faoin chlár seo agus tá oibreacha ar siúl ar 61 aonad eile.

### **Togra Léasaithe Tithíocht Shóisialta**

Faoin Chlár Léasaithe, is féidir áiteanna cónaithe a léasú don údarás áitiúil ar feadh tréimhse deich mbliana. Léasaíodh 179 aonad ar fad faoin chlár seo go dáta.

Tá an Chomhairle i dteagmháil ghníomhach le hEarnáil na gComhlachtaí Tithíochta Faofa le haonaid léasaithe a sholáthar faoin Áis Léasaithe Réamhíocaíochta Caipitil (ALRC)/Scéim Comhaontaithe Íocaíochta & Infhaighteachta. In 2016 cuireadh 4 aonad ar fáil faoi ALRC agus cuireadh 16 aonad ar fáil faoin

Scéim Comhaontaithe Íocaíochta & Infhaighteachta, agus b'ionann sin agus 76 aonad ar fad curtha ar léas ag an earnáil.

## Tógáil Tithe

### Sealbhú Tithe

Thionscain an Rannóg Tógáil Tithe sealbhú breis agus 80 áitreabh. Is é sin méadú 300% ar shealbhuithe na bliana roimhe agus is infheistíocht €11.5m atá i gceist.

MD na nGleanntí	23 áitreabh
MD Inis Eoghain	17 áitreabh
MD Shrath an	31 áitreabh

Urláir	
MD Dhún na nGall	8 áitreabh
MD Leitir Ceanainn	6 áitreabh

Cuireann sé seo ar ár gcumas tithíocht shóisialta a chur ar fáil ar dhóigh éifeachtach, thráthúil agus freastal ar riachtanais iarratasóirí tithíochta agus teaghlaigh ar fud an chontae.

### Forbairt Tithíocht Shóisialta

Thug foireann shainiúil Dearadh Ailtireachta na Comhairle roinnt forbairtí tithíochta chun tosaigh ar fud an chontae, mar seo a leanas:

Tionscadail Tithíocht Shóisialta ar Láithreán		
Suíomh	Stádas	Líon Aonad
Céim 1 Ard an Rátha (Teach Riachtanas Speisialta)	Á thógáil agus ag dúil lena chur i gcrích Feabhra 2017	1
Céim 2 Ard an Rátha	Á thógáil agus ag dúil lena chur i gcrích Iúil 2017	8
Céim 1 Mainéar Uí Chuinneagáin	Á thógáil agus ag dúil lena chur i gcrích Meitheamh 2017	2
Baile Nua Uí Chuinneagáin	Conraitheoir le tosú Feabhra 2017	7
Tionscadail faoi choinne Fhaomhadh Pleanála Chuid VIII		
Bun Chranncha		21
Ráth Bhoth		11
Na Cealla Beaga		9
Tionscadail faoi choinne Fhaomhadh Pleanála Chuid VIII		
Lána Fada Leitir Ceanainn		29
Dún Fionnachaidh		13
Tionscadail faoi choinne Fhaomhadh Pleanála Chuid VIII		
Málainn		8
Baile Suingean		6
Céim Cáipéisí Tairiscint Tionscadail		
Baile Dhún na nGall		34
Céim 2 Mainéar Uí Chuinneagáin		8
Iomlán		157 (aonad)



*Aonaid tithíocht Shóisialta in Ard an Rátha*

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil na forbairtí thuas faoi réir faomhadh Roinne le cois faomhadh faoi Chuid VIII de na hAchtanna um Phleanáil agus Forbairt 2000 a bheith de dhíth.

Forbraíonn Foireann Dearadh Ailtreachta na Comhairle córais mheicniúla agus leictreacha atá éifeachtach agus áisiúil don úsáideoir chomh maith le réitigh tearc-chothabhála, a fhóireann do gach cineál tithe in ionaid agus i gcumruithe éagsúla (m.sh. scoite, leathscoite, tithe sraithe) Mar shampla, mar chuid de dhearadh na Scéimeanna úra Tithíocht Shóisialta tá gnéithe úra a fhágann go bhfuil na tithe níos tíosaí ar fhuinneamh agus na costais reatha laghdaithe, gan na leibhéil compoird a ísliú. Is iad na tionóntaí a chónóidh iontu atá ag croí an deartha.

Áirítear leis na Gnéithe seo:

- Pumpaí leictreacha aer go huisce a sholáthraíonn an teas agus uisce te,
- Leibhéil arda inslithe,

- Páinéil fhótavoltacha le leictreachas a tháirgeadh,
- Aeráil Nádúrtha,
- Feananna aistarraingthe ar éileamh ardéifeachtacha,
- Soilsiú ardfheidhmíochta tíosach ar fhuinneamh,
- Criosanna téimh agus rialuithe ar leith ama agus teochta acu,
- Teirmeastait sorcóir uisce te agus rialuithe ardfheidhme teochta le lóid bhuaicuaire agus amanna atéimh a laghdú,
- Teochtaí ísle córas teasa do chórais téamh fo-urláir (urlár talún) agus radaitheoirí (an chéad urlár).



*Aonad Tithíocht Shóisialta atg Mainéar Uí Chuinneagáin*

## **Ionad Teagmhála Custaiméara**

Láimhseáil an tIonad Teagmhála Custaiméara breis agus 87,000 scairt. Freagraíodh 70% de na scairteanna taobh istigh de 20 soicind agus bhí an meán-am freagartha foriomlán níos lú ná 30 soicind. Láimhseáil an tIonad fosta beagnach 5,000 teagmháil ar líne a fuarthas trí shuíomh gréasáin agus seoladh r-phoist na Comhairle.

## **An tSeirbhís Tréidliachta**

Glacann Seirbhís Tréidliachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ról reachtúil comhairleach agus riaracháin ar nithe a bhaineann le sláinte phoiblí thréidliachta, úinéireacht fhreagrach ainmhithe, agus bainistíocht fhreagrach ainmhithe.

### **Sláinte Phoiblí Thréidliachta**

Faoi chonradh seirbhíse d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, soláthraíonn an Chomhairle an tseirbhís rialaithe reachtúil i seamlais a bhfuil tréachur íseal acu, ionaid maraithe éanlaithe ar fheirmeacha agus gnólachtaí próiseála feola sa chontae.

Bhí 11 áitreabh faoi mhaoirseacht in 2016. Rinne cigirí tréidliachta cigireacht ar 8269 ainmhí i 6 sheamlas áitiúla.

Rinneadh 182 chigireachta rialaithe oifigiúla eile ar na háitribh go léir agus tógadh 200 sampla rialaithe.

### **Rialú Ainmhithe**

Eisíodh 10 gceadúnas ghinearálta madraí, 4 cheadúnas saoil madraí agus 8,796 cheadúnas aonair madraí.

Rinneadh cigireacht ar 7 n-áitreabh faoin Acht um Bunachais Pórúcháin Madraí.

Tugadh 468 madra ar ais dá n-úinéirí nó tugadh d'úinéir eile iad trí Dhídean Madraí Chomhairle Contae Dhún na nGall

Tuairiscíodh 21 capall ar strae don Chomhairle agus cuireadh 20 acu i bpóna.

## **Acmhainní Daonna**

### **Earcaíocht**

Eagraíodh comórtais le folúntais a líonadh a d'éascair as Pleananna Lucht Saothair Faoi Dhíon agus Allamuigh na Comhairle. Leagtha amach sa Phlean Lucht Saothair tá an líon foirne atá de dhíth le tacú le soláthar seirbhísí riachtanacha Chomhairle, i réimsí éagsúla lena n-áirítear, Bóithre, Tithíocht, Comhshaol, Corparáideach, Pobal agus Fiontar, Pleanáil, Muirí srl.

45 comórtas san iomlán a eagraíodh do phoist, idir oscailte agus iata, lena n-áirítear poist shealadacha/séasúracha agus lánaimseartha.

### **Oiliúint & Forbairt**

Chuir an Chomhairle ar fáil arís Clár cuimsitheach Oiliúna do gach ball foirne, le béim ar leith ar Shláinte & Sábháilteacht.

D'éirigh le hIonad Oiliúna Réigiúnach Shrath an Urláir creidiúnú a ghnóthú le hOiliúint Spásanna Cúnga City & Guilds a chur ar fáil. Leanann an tIonad d'fhás an réimse cúrsaí a chuireann sé ar fáil agus d'éirigh an áis brath

sceite lánfheidhmiúil i rith na bliana. Rinneadh tuilleadh forbartha fosta ar an áis oiliúint gléasra faoin spéir.

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag cur deiseanna Forbairt Gairmiúil Leanúnach ar fáil trí réimse de chlár oiliúna agus cuimsítear leo, tacaíocht faoi choinne cúrsaí cuí Dioplóma, Céime agus Iarchéime.

Táthar ag leanúint d'fheidhmiú céimneach Bainistíocht Feidhmíochta i ngach cuid den eagrais.

## **Leas na Foirne**

Tugann an tOifigeach Leasa Foirne agus foireann Aoisliúntas seirbhís thábhachtach d'fhostaithe. Tugann siad comhairle agus eolas ar aoisliúntas, pinsin, teidlíochtaí saoire, folláine agus méala.

Tugann an tOifigeach Leasa Foirne tacaíocht agus cúnamh maidir le fiosruithe pearsanta a bhaineann le hobair agus saol an bhaile agus riarann an Clár Cúnaimh Fostaithe. Is seirbhís saor in aisce é seo do bhaill aonaor foirne agus dá ngartheaghlach.

Tionóladh Seirbhís Éacúiméineach i gcuimhne fostaithe a fuair bás agus tháinig comhghleacaithe atá ar scor agus a muintir le chéile ar ócáid scoir i Meán Fómhair.

## **Seirbhísí Cultúrtha**

### **Ceiliúradh 1916 Dhún na nGall**

Ba chlár bliana gníomhaíochtaí é Éire 2016, le heachtraí Éirí Amach 1916 a chomóradh, agus muid ag machnamh ar ár n-éachtaí mar stát daonlathach le 100 bliain

anuas agus ag samoineamh chun cinn ar a bhfuil i ndán d'Éirinn.

Bhí seacht snáithe san áireamh sa chlár náisiúnta: Searmanais Stáit; Athmhachnamh Staire; An Teanga Bheo; Óige agus Samhlaíocht; Léiriú Cultúrtha; Rannpháirtíocht an Phobail; An Ghné Dhomhanda agus an Diaspóra.

Is é a bhí i gClár Dhún na nGall, toradh comhairliúchán le grúpaí áitiúla, le heagrais agus le daoine aonair. Faoi threoir Choiste Stiúrtha Dhún na nGall, cuimsíodh sa chlár imeachtaí agus tionscnaimh na seacht snáithe ar fad.

I measc na mbuaicphointí:

- Obair ealaíne físe nua le Willie Doherty
- Contae Dhún na nGall in 1916: From the Edge/Ón Imeachtaí: Paca Oideachais Staire agus Oidhreacht
- Taispeántas Chontae Dhún na nGall in 1916
- Scéim Deontais Phobail an Chomórtha a thacaigh le 80 tionscadal
- Sholáthair an Rannóg Seirbhísí Cultúrtha an iomad tionscadal suntasach a bhain le 1916 agus thacaigh le go leor grúpaí agus daoine aonair ina gcuid imeachtaí comórtha 1916.
- Dealbh comórtha Chomhairle Contae Dhún na nGall – Tábla Staire: Airde arna coimisiúnú lena suiteáil sa Chearnóg i Leifear.



*Tábla Staire: Airde á nochtadh i Leifear*

## **Cultúr**

Cultúr: Fís Straitéiseach do Sheirbhísí Cultúrtha 2016-2020 a seoladh i Meitheamh.

Leagtar amach sa straitéis tiomantas daingean na Comhairle d'fhorbairt an chultúir agus dá luach don chontae. Is cuid shuntasach, thábhachtach d'obair na Comhairle é an cultúr. Is ionann infheistiú sna healaíona, sa chultúr, oidhreacht agus sa teanga agus tiomantas do chontae a bheidh níos folláine, níos comhlíonta, níos saibhre



*Cathaoirleach Cllr Terence Slowey ar sheoladh oifigiúil Cultúr*

Forbraítear Cultúr faoi sé chroírimse: Rannpháirtíocht an Phobail, Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Cuimsiú Sóisialta, Tacaíocht do na hEalaíona agus d'Eagrais Ealaíne, Oidhreacht Chultúrtha a chaomhnú agus a chur

chun cinn, Caidreamh a chothú le páirtithe leasmhara agus Seirbhís Chultúrtha inbhuanaithe a fhorbairt.

Leagtar amach in Cultúr fosta forbairtí nua caipitil, lena n-áirítear Leabharlann Bhaile Dhún na nGall, Ionad Diaspóra Dhún na nGall, agus Páirc Dhealbhóireachta ArtScape.

## **Seirbhís Leabharlainne**

### **Leabharlann Úr an Dá Bhaile**

Rinneadh leabharlann Bhealach Féich a athlonnú i bhfoirgneamh úr in Ionad Fiontraíochta The Base, Srath an Urláir. Leabharlann an Dá Bhaile/ Twin Towns Library an t-ainm úr uirthi agus osclaíodh í ar an 28 Meitheamh. Tá níos mó fairsinge do na baill sa leabharlann úr le go dtig leo feidhm a bhaint as ríomhairí, WiFi, rogha níos mó leabhar agus coirnéal scéalaíochta, áit do dhéagóirí agus páirceáil saor in aisce.

### **Seirbhísí Saor in Aisce WiFi i Leabharlanna**

I rith 2016, cuireadh seirbhísí WiFi saor in aisce ar fáil ar fud an ghréasáin leabharlanna brainse. Cuireann an gréasán seo, le cois áiteanna eile i gContae Dhún na nGall, ar chumas cuairteoirí ceangal le seirbhísí WiFi saor in aisce, seirbhísí leabharlainne ar líne san áireamh.

### **Chláraigh Leabharlann Chontae Dhún na nGall le Seirbhís Leabharlanna Éireann**

I ndiaidh tréimhse dian-ullmhúcháin ag foireann leabharlann agus IS bhí Dún na nGall beo le Sierra, córas nua bogearraí bainistíocht leabharlainne i lár mhí Iúil. Chláraigh muid le seirbhís Leabharlanna Éireann ag an am



céanna le roinnt údaráis eile leabharlainne ar fud na hÉireann agus ós amhlaidh, táthar ag tairiscint catalóg leabharlainne comhroinnte trína roinntear leabhair agus earraí eile idir leabharlanna ar fud na tíre.

## Wainfest

Tionóladh Féile Ealaíne agus Leabhar do pháistí Wainfest ó 8 - 15 Deireadh Fómhair. Mheall an fhéile breis agus 3,400 páiste agus tairgeadh 79 ócáid scoile agus 17 n-ócáid teaghlai. Eagraíodh imeachtaí i leabharlanna agus in ionaid Taobh Tíre ar fud an chontae chomh maith le hlarsmalann an Chontae agus san Ionad Réigiúnach Cultúrtha.



Wainfest 2016

## Seirbhís Ealaíon

### Cruthú saothar úr

Lean an tSeirbhís Ealaíon de thacú le cruthú saothar úr ealaíne i nDún na nGall, lena n-áirítear Bread and Roses Theatre's Waving, Not Drowning agus tionscadal Tara McKevitt, drámadóir as Inis Eoghain, Radio Short Waves in Amharclann an Ghrianáin.

Thacaigh an tSeirbhís le seónna úra ag Carnabhal Inis Eoghain chomh maith le léirithe nua agus camchuarite le Balor Rep Theatre, Donegal Drama Circle, Shirley Anne

Bonner agus Dark Daughter Productions.

Chuaigh an tSeirbhís Ealaíon i bpáirt le hAmharclann an Ghrianáin agus Féile Ealaíne an Earagail leis an seó amharclann phobail Unified – The Musical a chruthú, scéal mhonarcha Unifi Textured Yarns i Leitir Ceanainn agus na ndaoine a d'oibrigh ansin.

## Féile Ealaíne an Earagail



Lean an tSeirbhís Ealaíon de thacú le Féile Ealaíne an Earagail. Bhain beagnach 40,000 duine sult as clár imeachtaí ceoil, físealaíon, drámaíochta, liteartha agus seónna, ó Oileán Árann Mhór to Málainn, cuid mhór acu agus téama Shlí an Atlantaigh Fhiáin fite fuaite iontu.

## Amharclann An Ghrianáin

Bhí bliain rathúil ag an Ghrianán agus d'fhreastail 45,00 duine ar a cuid léirithe. Ar na buaicphointí bhí cuairt léiriú na hAmharclainne Náisiúnta de Observe the Sons of Ulster Marching Towards the Somme de chuid Frank McGuinness ina raibh aisteoirí Conallacha Sean McGinley agus Iarla McGabhann. Léirigh An Ghrianán fosta léiriú gréasán amharclann Nomad de Bailegangáire le Tom Murphy, ar éirigh go breá leis ar a chamchuarite náisiúnta.

## Ionad Cultúrtha Réigiúnach Clár taispeántas

Tá an tIonad Cultúrtha Réigiúnach ar cheann de na háiseanna ealaíon is breátha in Éirinn agus leanadh ar aghaidh ag coimisiúnú agus ag taispeáint mórthaispeántais ealaíona Éireannacha agus idirnáisiúnta.

Loose Ends le Willie Doherty ó mhí Iúil go Meán Fómhair an buaicphointe. Coimisiún úr é inar fiosraíodh mar a chuimhnítear ar agus a shamhlaítear imeachtaí agus áiteanna a bhaineann le hÉirí Amach na Cásca 1916 sa lá atá inniu ann. Rinne Doherty an scannánú i nGabhla Thír Chonaill agus i Sráid Uí Mhórdha Bhaile Átha Cliath a bhfuil baint acu beirt leis an Éirí Amach.



*Willie Doherty*

## Clár Ceoil

Lean an RCC dá chlár forbartha ceoil i gcomhpháirt le Páirtíocht Oideachas Ceoil Dhún na nGall agus Féile Ealaíne an Earagail agus chuir siad i láthair clár bliana de bhreis agus 30 ceolchoirm náisiúnta agus idirnáisiúnta de cheol clasaiceach, ceol tíre agus indie.

## Músaem Chontae Dhún na nGall

I rith na bliana, d'eagraigh Músaem Chontae Dhún na nGall clár gníomhaíochta le himeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta 1916, Éirí Amach na Cásca agus Cath Somme go háirithe. Cuimsíodh sa chlár seo taispeántais, cainteanna, ceardlanna scoile, léirithe scannáin agus imeachtaí speisialta.



*Ceardlann Idirghníomhach  
Drámaíochta 1916 i Músaem an  
Chontae*

Cuireadh taispeántas camchuairt an Mhúsaeim, Our Story: Donegal and the Easter Rising agus An Scéal s'againne: Dún na nGall agus Éirí Amach na Cásca ar fáil i mbreis agus 20 ionad ar fud Thír Chonaill lena n-áirítear leabharlanna, scoileanna agus ionaid pobail.

Rinne an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige páirtmhaoiniú ar an chlár.


## Seirbhísí Cartlann

D'oibrigh an tSeirbhís Cartlann i gcomhpháirt le Seirbhísí Cultúrtha eile i léiriú, dáileadh agus cur i láthair phaca oideachais agus



oidhreacht Chontae Dhún na nGall in 1916 do scoileanna, grúpaí agus daoine aonair. Chuidigh an tSeirbhís Cartlann le Músaem an Chontae lena Thaispeántas 1916.

Sealbhaíodh an iomad cnuasach, lena n-áirítear páipéir mhuintir Montgomery agus Boyton as Teach Chonmhaí agus cartlanna an Tiarna Leitrim, cartlanna Choimisinéirí Baile Leitir Ceanainn agus taifid 3 scoil náisiúnta.



Cumann Ladies Hibernian School, Comhaigh

Digitíodh miontuairiscí 1916 gach údarás áitiúil i nDún na nGall agus tosaíodh ar a n-uaslódáil ar shuíomh gréasáin na Chomhairle.

Ghlac an Chomhairle leis an Pholasáí Sealbhaithe agus an leis an Pholasáí Caomhnaithe.

Tugadh cuidiú do thaighdeoirí ag an seomra taighde i Leifear, ar an ghuthán agus trí r-phost agus ar na meáin shóisialta.

Rinneadh suirbhé cuimsitheach ar thaifid neamhreacha

## Oifig Oidhreacht Chontae Dhún na nGall

Is é a dhéanann an Oifig Oidhreacht feasacht a ardú, comhairle a thabhairt, sonraí a bhailiú agus dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le hoidhreacht agus cuireann i bhfeidhm Plean Oidhreacht Dhún na nGall i gcomhar le Fóram Oidhreacht an Chontae

([www.donegalcoco.ie/heritage](http://www.donegalcoco.ie/heritage)).

Aimsíodh maoiniú comhfhreagrach ón Chomhairle Oidhreacht faoi choinne cáipéis treorach faoi aghaidheanna siopa traidisiúnta, iniúchadh ar chnuasaigh stair bhéil agus staidéar ar oidhreacht thógtha na mara.



Aghaidh Siopa Thraidisiúnta

D'éirigh go fíormhaith le Seachtain Oidhreacht agus eagraíodh breis agus 115 d'imeachtaí. Thiomsaigh an Oifig Oidhreacht an Treoir Imeachtaí Seachtain Oidhreacht agus bhí an-tóir uirthi siúd.

Sheol an Oifig Oidhreacht fosta leabhrán Material Culture of Donegal Communities, thug tacaíocht do na chéad Ghradam Bailte Slachtmhara Pailneoirí agus

d'óstáil taispeántas/turas siúlóide  
Leitir Ceanainn Lawrence.

**Tuairisc ó Joe Peoples,  
Stiúrthóir Seirbhíse**

# Airgeadas, Córais Faisnéise & Seirbhísí Éigeandála

## Cuntais Bhainistíochta

Tá príomhfhreagracht ar Rannóg na gCuntas Bainistíochta as ullmhú, bainistíocht agus maoirseacht ar an Bhuiséad Ioncaim Bliantúil agus as an Bhuiséad Caipitil Rollach trí bliana.

## Buiséad Ioncaim Bliantúil

Ghlac na Comhaltaí Tofa le Buiséad Ioncaim 2016 ar an 18 Samhain 2015 de réir an Achta um Rialtas Áitiúil (mar a leasaíodh) 2001 agus taobh istigh den tréimhse atá leagtha síos ag an Aire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil.

## Clár Caipitil

Ullmhaíodh Buiséad Caipitil 2016 – 2018 de réir an Achta um Rialtas Áitiúil 2001 (mar a leasaíodh) agus bhreithnigh na Comhaltaí Tofa é ag an Chruinniú Comhairle ar an 30 Márta 2015.

Tá Rannóg na gCuntas Bainistíochta freagrach chomh maith as Tuairisceáin ráithiúla AE/CIA a ullmhú agus a chur isteach, agus tuairisceáin reachtúla eile ar bhonn tréimhsiúil. Chomhordaigh Rannóg na gCuntas Bainistíochta aighneacht na Comhairle faoin Chód Caiteachais Phoiblí, a críochnaíodh faoin spriocdháta, an 31 Bealtaine 2016 agus atá foilsithe ar líne.

## 2016 Highlights

120,000 individual payment transactions worth €130m

Over €11m in rent collected from 5,400 Council tenants

Rate demand issued to 5,390 commercial properties

Almost €2m NPPR charges collected

Councils IT infrastructure serves 107 locations countywide.

10,214 Facebook likes and 5,663 Twitter followers

15 retained Fire brigades and 2 voluntary brigades

689 incidents requiring Fire Brigade response

91 volunteers with Donegal Civil Defence

Donegal Civil Defence provided assistance to 42 community events providing 3,012 voluntary man-hours.



I measc rudaí eile, bainistíonn Rannóg na gCuntas Bainistíochta Leabhar Árachais na Comhairle, aisghabháil costas faoi théarmaí an Chomhaontaithe Leibhéil Seirbhíse le hUisce Éireann agus na nithe buiséadacha ó lá go lá a bhaineann leis an eagraíocht ar fad.

Buiséad Ioncaim Bliantúil 2016	€132, 833, 778
Buiséad Caipitil 2016	€50,053,139

### Luach ar Airgead, Ceannach & Soláthar

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag athbhreithniú caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí i réimse leathan ceanteideal, le tionscnaimh a rinneadh cheana a mhonatóiriú agus le tuilleadh deiseanna a aithint le coigiltis chostais agus luach níos mó ar airgead a bhaint amach. Fuair seo tacaíocht ó mhaoirseacht agus ó threoir Choiste Luach ar Airgead na Comhairle (LAA).

Mar chuid d'athchóiriú leanúnach an tsoláthair náisiúnta tá an Chomhairle ag úsáid níos mó conarthaí náisiúnta agus comhaontuithe creata. Mar gheall

ar shocruithe náisiúnta mar seo cinntítear go gcloítear le rialacha agus rialacháin soláthair phoiblí, agus sa chuid is mó de chásanna, tugann sin luach ar airgead níos fearr ná mar a bhainfeadh an Chomhairle amach as a stuaim féin.

## Cuntais Airgeadais agus Córais Faisnéis Airgeadais

### Párolla

Tá an rannóg seo freagrach as airgead a íoc le breis agus 1,700 ball foirne, idir bhaill reatha agus iarbhaill. Is íocaíocht chomhlán dar suim breis agus €52 milliún í seo, leis na hasbhaintí uile a ghabhann léi san áireamh, idir reachtúil agus dheonach.

D'fheidhmigh an rannóg fosta:

- Core v19 i gcomhar le HR agus IS
- Athruithe suntasacha próisis roimh MyPay lena n-áirítear gach fostaí a bheith aistrithe chuig Ríomhaistriú Airgid (RAA) agus cuíchóiriú grúpaí pá.
- MyPay, lena n-áirítear aistriú feidhmeanna áirithe párolla chuig samhail láraithe, athruithe suntasacha próisis agus nósanna imeachta, tabhairt isteach athuair feidhmiúlacht áirithe ar ais chuig an fhoireann áitiúil Párolla agus cuíchóiriú gnáthaimh áirithe párolla

### Cuntais Iníoctha

Tá an rannóg seo freagrach go príomha as próiseáil íocaíochtaí thar €130 milliún sa bhliain, rud is ionann agus breis agus 120,000

idirbheart. Bainistíonn an rannóg fosta na cánacha indéreacha uile; CBL, Sealbhú In-Phobail, Cáin Conarthaí Bainteacha, Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla agus Cáin Ioncaim agus na riachtanais bhainteacha rialála agus chomhaill.

Tá na riachtanais rialála agus chomhaill ag dul i méad i rith ama. In 2016, thug na Coimisinéirí Ioncaim isteach r-Imréiteach Cánach, r-RCT agus Uimhir Aitheantais Suímh a d'éiligh cumrú suntasach córais agus athruithe suntasacha próisis agus nós imeachta.

D'éiligh aistriú na hearnála go dtí íocaíocht RAA athruithe suntasacha próisis a chuir go mór le hualach oibre na rannóige ach atá, go dtí seo, an-éifeachtach (m.sh. bearta frithchialaoise) agus a neartaíonn rialachas corparáideach.

### **Cuntasaíocht Airgeadais agus Bainistíocht Córais Airgeadais**

Cumhdaítear i ngné na cuntasaíochta airgeadais den rannóg, Ráitis Bhliantúla Airgeadais, Iniúchadh Bliantúil, Tuairisciú Comharduithe Ginearálta Rialtais/AE/CAI, Comhall Cánach agus Comhairle do Ranna Eile.

Cumhdaítear i mBainistíocht Córais Airgeadais tacaíocht Córas (Úsáideoir Deiridh), cothabháil Córas (Ciorcláin, meamraim theicniúla srl), Athruithe Cuntasaíochta (tabhairt isteach gnáthaimh úra mar fhreagairt d'athruithe Cuntasaíochta agus comhairle ar Chórais).

D'fheidhmigh an rannóg fosta polasaí úr pCard agus an córas a ghabhann leis. Tá an córas nua

Lighthouse beo ó bhí mí na Samhna ann. Is é seo an chéad chéim i gcur chuige 3 chéim le cur le clár oibre comhaill agus éifeachtachta an eagrais.

### **Bainistíocht Bainc agus Stáitchiste**

Leithdháileann an rannóg seo an tioncam agus an caiteachas ar fad ar na Stiúrthóireachtaí cuí, síos a fhad le leibhéal poist aonair. Bainistíonn sí fosta cuntais bainc agus infheistíochtaí na Comhairle, rud a chinntíonn leoracmhainní airgeadais faoi choinne gníomhaíochtaí leanúnacha na Comhairle. Lena chois sin, cuireadh polasaí úr stáitchiste i bhfeidhm le linn 2016.

### **Aonad Bailithe Ioncaim**

Tá an tAonad Bailithe Ioncaim freagrach as Rátaí Tráchtála, Cíosanna Tí, lasachtaí Tithíochta agus an Táille ar Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha (NPPR) a Bhailiú. Tá an tAonad ag feidhmiú freisin mar ghníomhaire de chuid Uisce Éireann ag billeáil le haghaidh muirir uisce thráchtála agus á mbailiú. D'aistrigh an obair seo díreach chuig Uisce Éireann, áfach, ar an 12 Nollaig 2016.

### **Cíosanna Tí**

Bailíodh €11.151m san iomlán ó 5,400 tionónta atá i dtithe Comhairle Áitiúla. Tá an cíos a bhíonn le híoc bunaithe ar ioncam an teaghlaigh, agus iarrtar go gcuirfear na sonraí seo isteach ar bhonn bliantúil lena chinntiú go bhfuil an leibhéal ceart cíosa á ghearradh.

## **Iasachtaí Tithíochta**

Tá an Chomhairle ag leanúint de bheith ag plé le hiasachtaithe a mbíonn deacrachtaí acu cloí leis na híocaíochtaí ar a n-iasacht tithíochta faoin bPróiseas Réitithe Riaráistí Morgáiste (MARF). Bíonn roinnt roghanna ar fáil ag na hiasachtaithe faoin bPróiseas seo, cuir i gcás, an rogha gan ach an t-ús a íoc ar a dtráthchuid ar feadh tamaill. Bailíodh €1.958m san iomlán maidir leis na hiasachtaí.

Lean an rogha chun an réadmhaoín a ghéilleadh faoi Scéim Morgáiste go Cíos na nÚdarás Áitiúil agus tá roinnt iasachtaithe ag baint leas as an rogha seo le fanacht sa réadmhaoín mar thionónta, ach na critéir cháilithe a bheith comhlíonta. Tugadh isteach an rogha chun na hiasachtaí úinéireachta roinnte a athstruchtúrú go hiasacht bhliantachta i rith na bliana agus tá roinnt iasachtaithe tar éis spéis a léiriú sa rogha seo.

## **Rátaí Tráchtála**

Tugadh éileamh rátaí do 5,390 réadmhaoín in 2016 agus leanadh leis an Scéim Deontais do Ghnóthais Bheaga le haghaidh Custaiméirí Rátaí Tráchtála. Is féidir le custaiméirí nach bhfuil aon riaráiste acu tairbhe a bhaint as deontas d'uasmhéid €250 faoi réir téarmaí agus coinníollacha áirithe.

## **NPPR (Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha)**

Tugtar gluaiseacht sa mhargadh réadmhaoine faoi deara mar gur bailíodh beagnach €2m maidir leis an muirear NPPR. Bíonn an muirear seo híos murarbh í an réadmhaoín seo príomháit chónaithe an úinéara i rith na mblianta 2009-2013. Is é an táille a bhíonn le híos, lena n-áirítear táillí pionóis as a bheith déanach ar feadh na gcúig bliana, anois €7,230.



**RÁITEAS CUNTAIS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS  
DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016 (Gan  
iniúchadh))**

	<b>Ollchaiteacha s</b>	<b>Ioncam</b>	<b>Glanchaiteacha s</b>
	<b>2016</b>	<b>2016</b>	<b>2016</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Tithíocht agus Foirgníocht	16,014,491	18,024,945	(2,010,454)
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht	46,333,554	31,679,765	14,653,789
Seirbhísí Uisce	18,235,285	17,823,308	411,977
Bainistíocht Forbartha	10,132,838	2,384,898	7,747,940
Seirbhísí Comhshaoil	11,054,495	1,633,382	9,421,113
Áineas agus Conláistí	7,495,312	584,956	6,910,356
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	2,011,606	741,581	1,270,024
Seirbhísí Ilchineálacha	22,076,650	13,830,420	8,246,230
<b>Caiteachas/Ioncam Iomlán</b>	<b>133,354,231</b>	<b>86,703,256</b>	
<b>Glanchoistas Rannán óna maoinítear Rátaí agus Cáin Mhaoine Áitiúil</b>			<b>46,650,975</b>
Rátaí			30,605,929
Cáin Mhaoine Áitiúil			22,720,760
Asbhaint a Bhaineann le Pinsin			1,807,207
<b>Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistriú</b>			<b>8,482,922</b>
<b>Aistriú ó/(chuig) Chúlchiste</b>			<b>(3,854,407)</b>

**Barrachas/(Easnamh) Iomlán don Bhlíain**

**4,628,515**

**Cúlchiste Ginearálta @ an 1 Eanáir 2016**

(14,345,654)

**Ginearálta Reserve @ 31st December 2016**

**(9,717,139)**

## RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AG AN 31 NOLLAIG 2016 (gan iniúchadh)

	2016 €	2015 €
<b>Sócmhainní seasta</b>		
Oibríochtúil	724,843,910	721,024,798
Bonneagar	2,597,728,501	2,597,728,501
Pobal	6,753,662	7,027,284
Neamhoibríochtúil	55,734,952	55,664,587
	<b>3,385,061,025</b>	<b>3,381,445,170</b>
<b>Obair idir Lámha agus Réamhspeansais</b>	92,762,694	87,716,484
<b>Féichiúnaithe Fadtéarmacha</b>	66,959,775	76,726,118
<b>Sóchmhainní Reatha</b>		
Stoic	772,789	638,529
Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí	20,746,642	17,868,131
Sonraí Bainc	40,390,555	47,315,535
Airgead tirim sa Bhanc	-	-
Airgead tirim faoi Bhealach	716,239	416,335
	<b>62,626,223</b>	<b>66,238,530</b>
<b>Dliteanais Reatha (Méideanna dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin)</b>		
Rótharraingt Bainc	2,357,705	1,932,986
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	28,570,431	36,647,255
Léasanna Airgeadais	-	-
	<b>30,928,136</b>	<b>38,580,242</b>
<b>Glansóchmainní Reatha/ (Dliteanais)</b>		

## Creidiúnaithe (Méideanna dlite tar éis níos mó ná aon bhliain amháin)

Iasachtaí le hÍoc

122,997,563 130,733,747

Léasanna Airgeadais

- -

Éarlaisí in-aisíoctha

6,937,623 6,889,745

Eile

136,105 5,505,676

**130,071,291 143,129,168**

## Glansócmhainní

**3,446,410,290 3,430,416,893**

## Á Ionadú ag

Cuntas Caipitlithe

3,385,061,025 3,381,445,170

Ioncam ó Obair idir Lámha (WIP)

92,497,130 87,308,980

Cúlchiste Sainioncaim

- 3,374,679

Cúlchiste Ioncaim Ghinearálta

(9,717,139) (14,345,654)


Iarmhéideanna Eile

(21,430,726) (27,366,282)

## Cúlchiste Iomlán


**3,446,410,290 3,430,416,893**

## Caiteachas Iomlán 2015 - 2016 Ioncam agus Caipitil



Nóta: Cuimsíonn na figiúirí seo aistriú chuig an/ón gcúlchiste

## Caiteas Ioncaim 2016 de réir Rannóige



Nóta: Cuimsíonn na figiúirí seo aistriú chuig an/ón gcúlchiste

## Córas Faisnéise

Freastalaíonn bonneagar Teicneolaíochta Faisnéise Chomhairle Contae Dhún na nGall ar 107 suíomh ar fud an chontae agus tá sé ar cheann de na gréasáin Údaráis Áitiúla is mó in Éirinn.

### Bonneagar

Mar chuid den bhonneagar tá

- 77 bhFreastalaí
- 1,200 Ríomhaire Deisce agus Ríomhaire Glúine
- 600 printéir/Scanóir//Breacaire
- 17 gCóras Teileafóin PABX
- 900 Teileafón

Bainistítear réimse leathan de chórais tacaíochta ghnó na Comhairle ar bhonn laethúil.

### Córais

Tugann Plean Corparáideach na Comhairle 2015-2019 comhthéacs áitiúil luachmhar do Phleanáil Oibríochta Córas Faisnéise atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt dá cuspóirí agus dá tosaíochtaí straitéise. I measc na gcóras nua a cuireadh i bhfeidhm in 2016, bhí Bainistiú Leabharlainne, Bainistiú Acmhainní Daonna agus Ríomhchruinnithe. Tá Tairseach Mhapála Gréasáin na Comhairle ag leathnú léi agus tugann sí mapáil ar réimse leathan téamaí amhail aimsir an gheimhridh, seirbhísí poiblí agus imeachtaí poiblí.

### Sláinte Phoiblí

Feidhmíodh seirbhís leathan Wifi Poiblí a chlúdaíonn gach foirgneamh de chuid na Comhairle go céimneach in 2016. Tá an-éileamh ar an tseirbhís seo agus is mór an úsáid a bhaineann

cuairteoirí agus baill den phobal aisti.



*Seirbhís Wifi Poiblí á Seoladh*

### Teicneolaíocht Mhóibíleach

Tá éabhóid ag teacht i gcónaí ar úsáid na teicneolaíochta móibílí agus tugadh fóin chliste do bhaill foirne innealtóireachta agus mhaoirseachta sa Stiúrthóireacht Bóithre le cúnamh leis an gcumarsáid ar an láthair agus le déanamh cinntí.

### ERNACT

Leanadh de bheith rannpháirteach, tríd an ngréasán ERNACT([www.ernact.eu](http://www.ernact.eu)) i gcomharthionscadail de chuid AE. Sheol an Oifig Fiontar Áitiúil an tionscadal NICHE i mí na Bealtaine agus é ag díriú isteach ar dheachleachtas a aistriú idir réigiúin na hEorpa le cur le méid na nuálaíochta in earnáil an bhia, lena n-áirítear teicneolaíochtaí digiteacha.

Reáchtáil an tionscadal IMPROVE atá maoinithe ag NPA comhdháil idirnáisiúnta rathúil ar Shonraí Saor-Rochtana i Leitir Ceanainn i Mí Dheireadh Fómhair. Rinneadh díospóireacht sa chomhdháil ar úsáid phraiticiúil Sonraí Saor-Rochtana, ar leas Sonraí Saor-Rochtana don tsochaí, agus ar an



gcaoi ar féidir le hÚdaráis Áitiúla cur le tacair shonraí Uile-Oileánda.

### **Plean Gníomhaíochta Digití**

Rinneadh forbairt bhreise ar Phlean Gníomhaíochta Digití Dhún na nGall in 2016 agus sonraíonn sé réimse gníomhaíochtaí chun poist a chruthú le cúnamh na dTeicneolaíochtaí Digiteacha. Thug Fiontraíocht Éireann, IDA, Údarás na Gaeltachta, Fáilte Ireland, ERNACT, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, Pramerica Systems Ireland, tacaíocht don tionscnamh tras-ghníomhaireachta seo a ndéanann Ceann Chóras Faisnéise Chomhairle Contae Dhún na nGall comhordú air.

### **Oifig Chumarsáide**

Tá Oifig Chumarsáide na Comhairle freagrach as seirbhísí, tacaíocht agus gníomhaíochtaí Chomhairle Contae Dhún na nGall a phoibliú go réamhghníomhach, agus í ag bainistiú láithreach na Comhairle ar líne lena n-áirítear an suíomh gréasáin agus na suímh mheán sóisialta, ag tabhairt seirbhís fíorúcháin maidir leis na meáin don Chomhairle agus ag cur thráchteaireacht Oifigiúil Chomhairle Chontae Dhún na nGall amach chuig na meáin.


### **Meáin Shóisialta**

Is uirlisí riachtanacha cumarsáide iad na meáin shóisialta agus bíonn tábhacht ar leith leo nuair a bhíonn cur isteach ar an tseirbhís ann nó nuair a bhíonn adhaimsir ann.

Bainistíonn an Oifig Chumarsáide leathanach Facebook agus cuntas Twitter Chomhairle Contae Dhún na nGall agus ullmhaíonn siad postálacha, sceidealáíonn siad

postálacha, pléann siad le teachtaireachtaí agus le postálacha cuairteoirí agus déanann siad teagmháil réamhghníomhach lena bpríomhpháirtithe tríd na meáin shóisialta.

D'ardaigh an líon 'is maith liom' ar leathanach Facebook Chomhairle Contae Dhún na nGall 64% in 2016 go 10,214 agus ba é 1,869,133 an clúdach a bhí aige le 127,205 úsáideoir ghníomhacha.



### *Leathanach Facebook na Comhairle*

Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall 1,588 dtvuít amach in 2016 agus d'ardaigh líon na leantóirí Twitter 25% go 5,663 ar a chuntas @DonegalCouncil. Bhí 1,231,700 taispeáint Twitter ar an gcuntas seo agus 40,834 cuairt ar an bpróifil.

### **Suíomh Gréasáin**

Bíonn ról eagarthóireachta ag an Oifig Chumarsáide [www.donegalcoco.ie](http://www.donegalcoco.ie) agus d'ardaigh líon úsáideoirí an tsuímh seo 23% go 166,334 agus d'ardaigh líon na seisiún 24% go 348,153.

17,446 an meánlíon úsáideoirí uathúla ar an suíomh gach mí, rud a léiríonn ardú 27% ar fhiigiúr 2015.

### **Caidreamh leis na Meáin**

Tá an Oifig Chumarsáide ag leanúint de bheith ag obair go dlúth leis na meáin áitiúla chlóite, chraolta agus ar líne chun teachtaireachtaí tábhachtacha ón gComhairle a chur in iúl don phobal.

In 2016, chuir an Oifig Chumarsáide 317 bpreaseisiúint agus bhfoláireamh nuachta amach agus phléigh siad le tuairim agus 600 ceist ó na meáin áitiúla agus náisiúnta. Bainistíonn an oifig roinnt pacáistí in éineacht le meáin áitiúla a úsáideann roinnt seirbhísí de chuid na Comhairle.

Tá an Oifig Chumarsáide freagrach freisin as Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle a chur le chéile agus a fhoilsiú, féiniúlacht bhranda/chomparáideach na Comhairle a bhainistiú, tógáil acmhainne a fhorbairt maidir le caidreamh leis na meáin agus maidir leis an gcumarsáid, feachtas feasachta fuinnimh na mball foirne a fheidhmiú go céimneach agus páirt a ghlacadh sa phleanáil mórreigeandála.

## **Seirbhísí Eigeandála**

### **Seirbhís Dóiteáin**

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall, arb í Údarás Dóiteáin an chontae í, ag leanúint de bheith ag comhlíonadh a feidhmeanna oibríochta agus sábháilteachta dóiteáin. 15 Bhriogáid Dóiteáin Chomeádta, aonaid dheonacha ar

oileán Árann Mhóir agus ar oileán Thoraí, a thugann an tseirbhís oibríochta chomh maith le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann, a thugann an tseirbhís oibríochta do shainchodanna den chontae, go príomha i gceantar Cheann an Droichid agus Leifir. Tugann Comhairle Contae Dhún na nGall an tseirbhís oibríochta do chodanna de chontae Liatroma agus Shligigh.

### **Eachtraí**

Bhí 689 n-eachtra sa chontae in 2016 ina raibh freagairt na Briogáide Dóiteáin de dhíth. Ba laghdú 9.8% é seo i gcomparáid le 2015. Chlúdaigh na heachtraí seo réimse iomlán gníomhaíochtaí lena n-áirítear tinte, timpistí bóthair, tuilte agus sainseirbhísí eile. Cuireadh fios ar bhriogáidí Dhún na nGall 838 n-uaire lena n-áirítear dul isteach chuig contae Fhear Manach, Liatroma agus Shligigh.

### **Clár Caipitil**

Cuireadh bailchríoch in 2016 ar an gclár trí bliana le háiseanna leasa a fheabhsú i stáisiún dóiteáin Bhéal Átha Seanaidh, Bhun Dobhráin agus Ghleann Cholmcille agus an t-ordú chun oibre i Stáisiún Dóiteáin Ghleann Cholmcille curtha.

### **Cosc Dóiteáin**

Fuair an Rannóg Coiscthe Dóiteáin 145 iarratas ar Theastais Sábháilteachta Dóiteáin, rud a léiríonn ardú 11.5% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Lena chois sin, rinne an Rannóg Coiscthe Dóiteáin 412 cigireacht i rith na tréimhse céanna.

Feidhmíodh go céimneach Clár na mBunscoileanna inar tugadh cur i láthair ar shábháilteacht dóiteáin sa

teach do dhaltaí rang a trí i 88 mbunscoil.

### **Pleanáil Mhóréigeandála**

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag leanúint de bheith rannpháirteach, lena pháirtí Principal Response Agencies agus le Gníomhaireachtaí eile, sna gníomhaíochtaí pleanála agus traenála a eagraíonn Meitheal Oibre Cheantar an Iarthuaiscirt. Tá an comhar, an comhordú agus na socruithe freagartha idir na gníomhaireachtaí éagsúla ag leanúint de bheith ag éabhlóidiú agus ag forbairt agus is fianaise air seo iad a bheith rannpháirteach sa traenáil d'Oifigigh Idirchaidrimh do na Meáin agus sa traenáil Bhainistithe Faisnéise a réachtáladh i rith na bliana.

### **Cosaint Shibhialta**

Tá an eagraíocht dheonach, Cosaint Shibhialta Dhún na nGall, ag leanúint de bheith ag tabhairt tacaíocht do Primary Response Agencies (PRA) chomh maith le cúnamh a thabhairt, nuair is féidir, do phobail áitiúla nuair a bhíonn imeachtaí Neamhéigeandála ann. 91 oibrí dheonacha (37 mbean, 54 bhfear) a thug an tseirbhís oibríochta agus bhainistigh an tOifigeach Cosanta Sibhialta í. Táthar ag leanúint de bheith ag tabhairt traenáil sheachtainiúil i 4 ionad sa chontae; Ceanncheathrú na Cosanta Sibhialta, Srath an Urláir, Stáisiún Dóiteáin Cúntach Charn Domhnach, Stáisiún Dóiteáin Bhaile Dhún na nGall, agus an Hay Hall, Carraig Airt.

### **Tacaíocht PRA**

Tugadh cúnamh don Gharda Síochána sa chuardach trí lá le

haghaidh duine a bhí ar iarraidh ag Trá Tullan, Bun Dobhráin, agus sa chuardach seachtaine le haghaidh duine a bhí ar iarraidh i Ráth Maoláin agus thug an Chosaint Shibhialta Foirne Cuardaigh, Cadhcóirí, Madraí Cuardaigh agus lompar.

### **Cúnamh Pobail**

Thug an Chosaint Shibhialta cúnamh don phobal i 42 imeacht Neamhéigeandála, agus iad ag tabhairt 3,012 uair an chloig d'obair dheonach le Clúdach Otharcharranna agus Garchabhrach agus Dualgais Sábháilteachta Uisce do réimse imeachtaí lena n-áirítear Féilte Pobail, Imeachtaí Spóirt, Paráidí Cuimhneacháin ar 1916, Imeacht Darkness into Light etc.



*Paráid Chuimhneacháin Chásca ar 1916*

### **Gníomhaíochtaí Traenála**

Chun ullmhacht oibríochta a choimeád, lean an Chosaint Shibhialta de bheith ag forbairt agus ag feidhmiú go céimneach a clár traenála i roinnt réimsí;

- Uas-scilíodh 36 bhall maidir le Céadfheagairt Chairdiach agus Garchabhair Cheirde.

- Traenáladh 8 mBall i dtraenáil do Chéadfhreagróirí Éigeandála faoin gClár um Chúram Éigeandála Réamhoispidéil.
- Dheimhnigh an Chomhairle Cúraim Éigeandála Réamhoispidéil 3 Teicneoirí Leighis Éigeandála breise.
- Traenáladh 10 oibríthe deonacha i dtraenáil d'Oibrítheoirí Cuardaigh.
- Traenáladh 10 Céadfhreagróirí tuilte agus Mearuisce.
- Fuair gach Oibrí Deonach de chuid na Cosanta Sibhialta CISM agus an tIonduchtú leasaithe agus an Traenáil Cosanta Leanaí.
- Fuair 16 Chomhraiceoir Dóiteáin Chúntacha traenáil faoin gClár Comhairle um Sheirbhísí Dóiteáin.

Tugadh Traenáil Mhonatóireachta Radaíochta, i gcomhar leis an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch, do bhaill de chuid Chosaint Shibhialta Dhún na nGall i mí na Samhna.

Chuir an Chosaint Shibhialta úsáid Drón lena cumas cuardaigh agus bhronn Údarás Eitlíochta na hÉireann Ceadúnas Inniúlachta SUA do Phíolótaí Mionaeárthaí gan arm, ar 2 Oibríthe Deonacha de chuid na Cosanta Sibhialta.

Tá an Chosaint Shibhialta ag leanúint de bheith ag obair leis an Roinn Talmhaíochta chun Fliú na nÉan a chosaint agus a smachtú agus bhí sí páirteach sa traenáil bhliantúil i Sligeach i mí Dheireadh Fómhair.



*Traenáil Chleachtaí sa Chosaint Shibhialta*

**Tuairisc ó Garry Martin,  
Stiúrthóir Seirbhíse**

## Bóithre & Iompar

### Rannán Bóithre na gCeantar Bardasach

Ba é tuairim agus €42m an buiséad a bhí ag Rannán Bóithre na gCeantar Bardasach in 2016. Mar chuid de seo, leithdháileadh €8.2m ón Roinnt Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTaS) agus ó Bhonneagar Iompair Éireann (TII) chun obair ghlantacháin, dheisiúcháin agus chosanta a dhéanamh a bhain leis an adhaimsir a bhí ann go mall in 2015 agus go luath in 2016.

Lig an maoiniú don Rannán Bóithre tabhairt faoi réimse oibreacha riachtanacha ar ár ngréasán bóithre, lena n-áirítear cothabháil ghinearálta, athchóiriú dromchlaí, láidriú cosán, deisiúcháin adhaimsire, cothabháil droichead, leathadh grin sa gheimhreadh, oibreacha sábháilteachta ísealchostais, cothabháil páirceanna, scuabadh sráideanna agus páirceáil carranna



*Traein chóirithe dromchla ar obair i Srath an Urláir MD*

### 2016 Highlights

**290km** of non-national road network resurfaced / strengthened.

**930km** of road network routinely gritted each winter with **€1.465m** spent in 2016.

Construction of Mullantiboyle Bridge, Glenties completed.

**€200,000** spent on the ongoing maintenance of 6 regional bridges and **€250,000** on strengthening 11 local bridges and **€311,000** on repairing severe weather damage to 8 bridges.

Council wins Excellence in Business Road Safety Award 2016 for the second year running.

Achieved ISO 50001 Energy Management System (EnMS) accreditation

**1** new Phoenix chip spreader, **2** new lorries and **3** snow ploughs purchased

**2.5km** N15 Blackburn Bridge Realignment Scheme and **5km** N56 Ballyoughter to Kilkenny LVNS scheme completed

Thug DTTaS maoiniú do Chothabháil Athchóiriúcháin agus d'Fheabhsú Athchóiriúcháin ar ár ngréasán bóithre nach bóithre náisiúnta iad. Lig an maoiniú seo don Chomhairle athdhromchlú agus /nó láidriú a dhéanamh ar thuairim agus 290km dár ngréasán.

Is bua de chuid na tíre fós í Slí an Atlantaigh Fhiáin agus mar chuid de Chlár Athdhromchlaithe/Láidrithe 2016, bhí 23.5km den tslí seo.



Tá clár leata grin na Comhairle ar na cláir is leithne sa tír agus leatar grean ar 930km (tuairim agus 14%) dár ngréasán bóithre go rialta gach geimhreadh. Tuairim agus €1.465m an costas a bhí ar leathadh grin an gheimhridh. Tar éis comhairliúcháin le baill thofa, chuir an Rannán Bóithre codanna eile den ghréasán bóithre leis an gclár ar bhonn trialach do shéasúr 2016/2018.

Críochnaíodh an tógáil ar Dhroichead Mhullán Tí Uí Bhaoill ag na Gleannta agus d'oscail an Cathaoirleach Cllr Terence Clowely go hoifigiúil é Ar an 5 Meán Fómhair.

Rinne baill foirne bóithre áitiúla na Comhairle réamhobair ar Thionscadal Dhroichead Chnoc an Choiligh ag Bun Cranncha agus cuireadh tús leis an bpróiseas tairisceana do thógáil an droichid féin.



*Droichead Mhullán Tí Uí Bhaoill, Gleannta MD*

Fuarthas maoiniú faoi Scéim Deontas Lárionad Uirbeach Sainithe chun bóthar ceangail Joe Bonner a chríochnú i Leitir Ceanainn. Cuireadh tús le dearadh mionsonraithe an tionscadail agus cuireadh próiseas pleanála Páirt 8 i gcrích i mí Mheán Fómhair.



*Ag tiontú an fhóid, Bóthar Ceangail Joe Bonner*

## **Rannán Lárnach Seirbhísí Teicniúla**

Go dtí Meán Fómhair 2016, bhí 4 rannóg sa Rannán Lárnach Seirbhísí Teicniúla – Bainistiú Saoraidí, Dearadh Bóithre, Clós agus Stórais Innealra agus Tógáil Tithe (a chuimsíonn an Rannóg Seirbhísí Ailtireachta). As sin amach agus mar gheall ar atheagrú Stiúrthóireachtaí, athshannadh Bainistíocht Saoraidí agus Tógáil Tithe chuig an Stiúrthóireacht Tithíochta agus Chorporáide. Sannadh an Rannóg Céanna agus Cuanta agus an Rannóg Soilse Poiblí chuig an Rannán Lárnach Seirbhísí Teicniúla.

### **Cothabháil Droichead**

Ba bhliain rathúil eile í 2016 maidir leis an gcothabháil atá idir lámha ar dhroichid an chontae agus Saindeontas Feabhsúcháin ann de €200,000 d'Athshlánú Droichead ar Bhóithre Réigiúnacha agus tugadh faoi obair ar shé dhroichead.

Leithdháileadh €250,000 d'obair láidrithe droichead a caitheadh ar 11 droichead áitiúla (lena n-áirítear



guniteáil/ grútáil, deisiúcháin choíncreite, athchur iomlán de réir mar is gá).

Fuarthas Deontas Adhaimsire do Dhroichid agus críochnaíodh oibreacha ar 8 ndroichead bhreise ar chostas €311,000 san iomlán.

### **Tionscadail Chaipitil Droichead**

Le cois na n-oibreacha ag Droichead Mhullán Tí Uí Bhaoill agus ag Droichead Chnoc an Choiligh ar tagraíodh dóibh thuas, cuireadh críoch rathúil ar thionscadal droichid na gCeithre Máistrí (a bhí faoi stiúir Chomhairle Contae Dhún na nGall i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Liatroma) tar éis do chuid den droichead tabhairt uaidh. B'fhéidir ansin an bóthar athoscailt don phobal ocht mí tar éis a dhúnta.



*Tabhairt uaidh Dhroichead na gCeithre Máistrí*



*Athoscailt Dhroichead na gCeithre Máistrí*

### **Dearadh Bóithre**

Cuireadh roinnt tionscadal deartha droichead chun cinn i rith na bliana.

### **Sábháilteacht ar Bhóithre**

Mheasúnaigh agus dhear Foireann Sábháilteachta um Dhearadh Bóithre cuid mór scéimeanna timpistí ísealchostais chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus rinneadh forbairt bhreise ar scéimeanna HD15 ar na Bóithre Náisiúnta. Tar éis go bhfuarthas, trí SPC, faomhadh ar pholasaí ar Bhearta Sábháilteachta Scoile, thug an fhoireann sábháilteachta ar Bhóithre Conradh soilse gealánacha scoile agus cóiríodh agus athchuireadh soilse ag 45 scoil ar fud an chontae agus fuarthas faomhadh maointithe CLAR chun soilse gealánacha scoile a athchur ag 22 scoil bhreise i rith 2017.

Lean an tOifigeach Sábháilteachta ar Bhóithre de bheith ag tabhairt tacaíocht do Mheitheal Sábháilteacht Bhóithre Dhún na nGall (DRSWG) agus d'eagraigh an 10ú Seó Sábháilteachta Bóithre bliantúil i mí Dheireadh Fómhair ar a raibh tuairim agus 3,000 dalta.

Lean Meitheal Sábháilteacht Bhóithre Dhún na nGall lena chomhoibriú le Donegal Daily, le suíomh gréasáin Donegal Sports Hub agus le Cumann Lúthchleas Gael Dhún na nGall chun aird a tharraingt ar shábháilteacht ar bhóithre agus chun cúnamh a fháil le teachtaireachtaí maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur ina luí ar an bpobal.

Lean Cumann Peile Finn Harps de bheith ag tabhairt tacaíocht don tSábháilteacht ar Bhóithre trí Chomórtas Ealaíne na mBunscoileanna maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre.

Bronnadh “Road Safety Award 2016 sna Excellence in Business Awards de chuid Public Sector Magazine” ar Chomhairle Contae Dhún na nGall. Seo an dara bliain as a chéile a bhfuil an gradam seo bainte ag an gComhairle.



*Dámhachtain um Shábháilteacht ar Bhóithre Bharrfheabhas i gCúrsaí Gnó 2016*

### **Athbhreithniú ar Theorainneacha Luais**

Lean an Fhoireann Deartha Bóithre de bheith ag forbairt fodhlíthe de chuid an chontae, lena n-áirítear sna heastáit tithíochta atá faoi cheannas na Comhairle agus

cuireadh comhairliúchán rathúil poiblí i gcrích i mí na Samhna. Dá bharr seo, cuireadh comharthaí in airde i ngach Eastát Tithíochta ábhartha.

### **Clós Innealra**

Faoi réir Chlár Ceannaithe agus Athriochtaithe Gléasra 2015-2017, a d’fhaomh an Chomhairle, cheannaigh an Clós Innealra leatóir nua sliseanna Phonex, 2 leoraí nua agus 3 chéachta sneachta agus lean siad de bheith ag soláthar flíte d’fheithiclí ar leo féin iad nó feithiclí ar cíos atá oiriúnach d’fhoireann ceantair Bhóithre na Comhairle, d’fhoireann na Seirbhísí Tithíochta agus d’Uisce Éireann, agus iad ag éascú chothabháil, dheisiú agus oibríocht shócmhainní na Comhairle ar bhonn leanúnach.



*Leatóir Sliseanna 2016*

Cuireadh tairiscintí gléasra chun cinn mar seo a leanas:

- 1 veain mhór 5t seirbhíse don chlós innealra
- 1 spraeire tarra ar bhoinn 8\*4 a oibríonn aon fhear amháin
- 2 ghléas déanta sáile le suiteáil ag iosta Laghey/Leitir Ceanainn
- 1 leoraí dumpála 6\*4
- 2 shailíteoir sáile 9cum

Rinneadh dul chun cinn freisin ar chuid d'eilimintí deartha thionscadal athchóirithe an Chláis Innealra.



*Leoraí dumpála 6\*4 a cláraíodh in 2016 le céachta úr sneachta*

Lean an Rannóg Stóras lena chlár feabhsúchán agus thug seirbhís atá éifeachtach ó thaobh costais de dá cuid custaiméirí.

Go háirithe, d'éirigh le foireann na Stóras 5,607,406 lítear de bhiotúman a fháil agus a sheachadadh le húsáid i gcothabháil ghréasán na mbóithre.

Tá an fhoireann ag leanúint de bheith ag úsáid na gcreat-chomhaontuithe náisiúnta chun réimse leathan táirgí a sholáthar chun an luach is fearr airgid a chinntiú don Chomhairle.

### **Soilsiú Poiblí**


Cuireadh liosta de gach solas poiblí le chéile. Chuir conraitheoir cothabhála na Comhairle tús le clár oibreacha chun tuairim agus 265 den stoc soilse a dheisiú nó a athchur trasna na 5 cheantar bhordasacha, agus leanfar de sin in 2017 nuair a dhéanfar obair ar 600/700 solas poiblí eile.

Chuaigh an obair chun cinn le TII i rith 2016 chun tairiscint a fhorbairt le bóithre náisiúnta a sheachaint ar

bhóithre réigiúnacha ar mhaithe le huasghrádú a dhéanamh ar 1,345 sholas poiblí san Iarthuaisceart lena n-áirítear soilse ar an N15 Seachbhóthar Bhun Dobhráin Bhéal Átha Seanaidh agus ar N15 Seachbhóthar Bhaile Dhún na nGall. Ceapadh gnólacht comhairliúcháin chun an tionscadal a dhearadh, a chur amach ar tairiscint agus maoirseoireacht a dhéanamh air agus ba cheart go mbeadh seo ar an láthair i rith 2017.

### **Céanna agus Cuanta**

Caitheadh €1,064,300 san iomlán ar chothabháil agus ar athchóiriú chéanna agus chuanta an chontae agus ba chistiú meaitseála 25% de seo ón Chomhairle.



*Síneadh nua ar ché a tógadh in 2016.*



*Tionscadal Sail West Bhun an Ghaoith (Chúil Dabhcha)*

Cuireadh amach tairiscint chun athbhreithniú a dhéanamh ar



iomlán na 100 cé agus cuan agus tá an obair mheasúnaithe le bheith déanta in 2017.

## Bainistiú Saoráidí

D'fheidhmigh Bainistiú Saoráidí roinnt conarthaí go céimneach chun a chinntiú go mbeidh cúram, cothabháil agus deisiú leanúnach á ndéanamh ar 5 Ionad Seirbhísí na Comhairle agus ar Ionad Leifir. Lean an fhoireann freisin leis na hoibreacha chun Seomra Comhairle úr a fhorbairt chun go mbeidh sé oiriúnach agus méadú tagtha ar an gComhairle iomlánach.

Faoi cheannasaíocht na Stiúrtóireachta Bóithre, baineadh amach creidiúnú 50001 ISO agus níl i gComhairle Contae Dhún na nGall ach an dara hÚdarás Áitiúil a bhain an caighdeán seo amach maidir le bainistiú fuinnimh.

Tugann ISO 50001 creat riachtanas d'eagraíochtaí chun:

- Polasaí a fhorbairt chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint as fuinneamh
- Spriocanna agus cuspóirí a leagan síos leis an bpolasaí a chomhlíonadh
- Úsáid níos fearr a bhaint as sonraí agus cinntí a dhéanamh maidir le húsáid fuinnimh
- Na torthaí a thomhas
- Athbhreithniú a dhéanamh ar a fheabhas a éiríonn leis an bpolasaí, agus
- Bainistiú fuinnimh a fheabhsú ar bhonn leanúnach.




*Creidiúnú ISO 50001 bainte amach*

## Tógáil & Dearadh Bóithre Náisiúnta

### Tógáil

#### Céim 1 de Scéim Athailínithe Dhroichead Blackburn ar an N15

Críochnaíodh i mí Lúnasa an scéim seo chun uasghrádú a dhéanamh ar 2.5 km d'athlíniú fóchaighdeáin ar an N15 ó bhun Mhala McGroary i dtreo Bhealach Féich/Shrath an Urláir, go hathlíniú caighdeánach carrbhealaigh shingil le gualainn chrua.



*Céim 1 de Scéim Athailínithe Dhroichead Blackburn ar an N15*

€5.6 milliún an costas a bhí ar an tógáil agus ba é Wills Bros. Teo. An Conraitheoir. Tá an chuid seo den N15 mar chuid de TEN - T (Gréasán Tras-Eorpach) laistigh den tír agus mhéadaigh an scéim chríochnaithe

sábháilteacht ar bhóithre agus d'fheabhsaigh sí fad an aistir ar an N15 idir Sligeach agus Leitir Ceanainn.

### **Bá Uachtair go Cill Chainnigh LVNS ar an N56**

Críochnaíodh i mí na Nollag an scéim chun uasghrádú a dhéanamh ar athlíniú fóchaighdeáin de 5km ar an N56 i gceantar a dtugtar 'Cora Ghaoth Barra' air go hathlíniú carrbhealaigh shingil le stráicí crua. €8.1 milliún an costas a bhí ar an tógáil agus ba é Wills Bros.Teo. an Conraitheoir.

Is é atá sa tionscadal seo céim 2 de Scéim Ath-athlínithe an N56 Clochán Liath - Gleannta atá tuairim agus 29km ar fhad agus tá sé seo roinnte i 5 chéim ar mhaithe le feidhmeanna tógála. Tá dhá chéim den scéim críochnaithe thar 8.3km agus tá a forbairt leanúnach ag imirt tionchar dearfach eacnamaíoch ar Iarthar Dhún na nGall.

Tá an scéim iomlán istigh i bPlean Bonneagair agus Infheistíochta Caipitil DPER , 'Building on Recovery' , a foilsíodh le déanaí agus tá leagtha amach go mbeidh iomlán na 5 chéim críochnaithe faoi 2021. Tá an scéim seo mar chuid de Shlí an Atlantaigh Fhiáin.



*Bá Uachtair go Cill Chainnigh LVNS ar an N56*

### **Timpeallán Chill Tuaidh ar an N56**

Tá sé de rún ag an scéim seo cuíchóiriú a dhéanamh ar an leagan amach dhá acomhal tosaíochta atá ann faoi láthair

le timpeallán chun acmhainneacht a mhéadú agus chun sruth níos fearr tráchta a spreagadh ag an suíomh seo.

Feidhmeoidh an timpeallán atá á mholadh mar cheangal Tuaisceartach do Bhóthair Faoisimh Leitir Ceanainn atá á mholadh.

Cuireadh tús leis an tógáil i mí Dheireadh Fómhair agus deireadh Aibreán 2017 an dáta críochnaithe atá á mholadh. SIAC Teo. an conraitheoir.

Feabhsóidh an scéim seo, nuair a bheidh sí críochnaithe, sruth an tráchta ag an acomhal an-ghnóthach seo.



*An fód á thiontú ag Timpeallán Chill Tuaidh ar an N56*

## Scéimeanna Feabhsúchán Cosán

Bhí seacht scéim á dtógáil/críochnaithe ar Shlite Náisiúnta in 2016;

- Coneyburrow – Haw ar an N15
- Droichead Leifir go hAcomhal Ros Géar ar an N14
- Débhealach Leitir Ceanainn-Lánaí Siar ar an N13
- Dún Cionnaola Thoir ar an N56
- Cnoc na Móna, Leitir Ceanainn ar an N56
- Fána Bhuí Íochtarach ar an N56
- Cúil na gCuirridín go Corcam ar an N56

## Athchóiriú Droichead/Scéimeanna Feabhsúchán

Críochnaíodh oibreacha athchóiriúcháin agus athshlánúcháin ar 8 ndroichead ar an nGréasán Náisiúnta.

## Comharthú Bóithre/Scéimeanna Línithe agus Sábháilteachta

Bronnadh conradh línithe agus dílínithe do na Príomhshlite Náisiúnta N13 & N14 sa chontae agus cuireadh tús leis na hoibreacha conartha agus beidh siad réidh go luath in 2017.

## Dearadh

### Feabhsúcháin Ghréasán Tras-Eorpach Iompartha (TEN-T)

Is clár infheistíochta Eorpach é an Gréasán Tras-Eorpach Iompartha (TEN-T) do gach cineál iompair ar fiú na billiúin é. Tá sé de sprioc ag Polasaí TEN-T na bearnaí a dhúnadh idir gréasáin iompair na mBallstát agus fáil réidh leis na scrogaill a chuireann bac fós ar fheidhmiú éifeachtach an Mhargaidh Inmheánaigh.

Thug TII leithdháileadh do Dhún na nGall in 2015 chun tús a chur leis an bpróiseas chun an Gréasán Tras-Eorpach Iompartha a fhorbairt sa chontae. Ba é an chéad chéim den tionscadal comhairleoir a choimisiúniú chun Staidéar Riachtanas Conairí a dhéanamh ar an nGréasán Tras-Eorpach Iompartha ó chríochphointe Scéim Athathlínithe Dhroichead Blackburn ar an N15 go teorainn Dhoire ag Ceann na Droichid tríd an N13 ó Leitir Ceanainn go Lífear tríd an N56 agus N14.

Críochnaíodh an staidéar go luath in 2016 agus léiríonn sé gur mór an leas



na trí Mhórscéim Línithe seo a fhorbairt agus go bhfaighfí luach maith airgid uathu. Seo iad a leanas;

- Leitir Ceanainn go Timpeallán Mhainéar Uí Chuinneagáin ar an N14/N56 lena n-áirítear Bóthair Faoisimh Leitir Ceanainn.
- Timpeallán Mhainéar Uí Chuinneagáin go Leifear ar an N14 lena n-áirítear Ceangal an N14/N15 go A5 WTC i dTuaisceart Éireann, agus
- Seachbhóthar Bhealach Féich/Srath an Urláir ar an N15/N13.

Go mall in 2016 cheap an Chomhairle, i gcomhar le TII (Bonnegar Iompair Éireann), Innealtóir Comhairleach chun na tionscadail seo atá á moladh a fhorbairt go críoch an phróisis reachtúil (CPO agus Faomhadh na Ráiteas Comhshaoil).

Is Comhfhiontar (JV) an tInnealtóir Comhairleach idir Halcrow Barry agus RPS, an dá Innealtóir Chomhairleacha is mó agus is clúití sa tír. Is coimisiúniú an-suntasach é seo don chontae agus tabharfaidh críochnú na scéimeanna seo sochair dhearfacha eacnamaíocha agus shóisialta.

### **Scéim Athailínithe N56 idir Tamhnach an tSalainn - Droim Beitheach**

Moltar sa scéim seo uasghrádú a dhéanamh ar 2.5km d'athailíniú atá faoi bhun caighdeáin idir Tamhnach an tSalainn agus acomhal na bhFrosa ag Droim Beitheach go bealach caighdeánach aonair agus gualainn chrua leis. Tá na cáipéisí conartha réid agus beidh an bogadh ar aghaidh go tairiscint agus tógáil ag brath ar mhaoiniú bheith ar fáil.

Tá an tionscadal seo mar chuid de chéim 1 de Scéim Athailínithe an N56

idir Tamhnach an tSalainn - Inbhear atá thart ar 5km ar fad agus atá, ar mhaithe le cúinsí tógála, roinnte ina dhá chéim. Tá an scéim fhoriomlán ar fáil i bPlean Infheistíochta Caipitil na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe - 'Building on Recovery' agus tá sé le bheith críochnaithe faoin 2021.

Tá sealbhú na talún 98% réidh agus táthar den tuairim go mbeidh sé seo ag dul ar aghaidh chuig tairiscint agus tógáil in 2017.

### **An Cúl Buí - go Cill Mhic Réanáin ar an N56**

Moltar sa scéim seo uasghrádú a dhéanamh ar 3.3km d'athailíniú atá faoi bhun caighdeáin idir Eileastran agus Cill Mhic Réanáin agus ar chuid ar a dtugtar 'Na Bruacha Gorma' go bealach caighdeánach aonair agus stráicí crua leis. Tá na cáipéisí conartha réidh agus tá sealbhú déanta ar bheagnach 50% den talamh. Beidh an bogadh ar aghaidh go tairiscint agus tógáil ag brath ar mhaoiniú bheith ar fáil.

Tá an scéim seo mar chuid de Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus beidh tionchar suntasach dearfach acu ar gheilleagar Thuaisceart agus Iarthar Dhún na nGall.

### **LVNS Cill Chainnigh go Leitir Oilí ar an N56**

Tá an scéim seo mar chuid de chéim 3 de LVNS an Chlochláin Léith chuig na Gleannta ar an N56 a bhfuil tagairt déanta dó thuas agus tá sé thart ar 4km ar fad. Tá Miondearadh agus 80% de shealbhú na talún réidh. Tá cur chun cinn na scéime go tairiscint agus tógáil sceidealaithe le haghaidh 2017.

Cuireadh réamh-obair dheartha chun cinn ar roinnt scéimeanna molta

feabhsúchán ar chosáin, ar athchóiriú droichead agus ar scéimeanna sábháilteachta a gheobhaidh maoiniú a bhfuiltear ag dúil leis in 2017.

Tá creidiúnú ISO 9001; 2008 ó 2015 ag Oifig na mBóithre Náisiúnta (OBN) lonnaithe in PSC Dhún na nGall agus foireann de 26 ann.

## An Oifig Bainistithe Bóithre

Bhí Comhairle Contae Dhún na nGall chun tosaigh sa chuibhreas ar éirigh leis idir Comhairlí Contae Dhún na nGall, Chorcaigh, Chiarraí agus Thiobraid Árann sa tairiscint a rinne siad ar Sheirbhís Chomhroinnte na hOifige Bainistithe Bóithre.

Is é an ról atá aige ná le tacú le hÚdaráis Áitiúla ina ról mar Údaráis Bhóithre ag freagairt thosaíochtaí, bheartais agus chuspóirí foriomlána an rialtais tríd an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Is í an dóigh is fearr chun na forbairtí le linn 2016 a mheas ná an staid ina raibh sé roimhe agus ina dhiaidh a mheas:

### Ceadúnú Bóithre:

D'éirigh leis an OBB an Córas Ceadúnaithe Bóithre Náisiúnta MRL a chur i bhfeidhm i 27 Údaráis Áitiúla go dtí seo. Tá MRL ann in áit iarratais pháipéar-bhunaithe agus ar líne sna hÚdaráis seo. Baineann breis agus 250 eagraíocht ar iarratasóirí iad úsáid as an chóras MRL agus gach Cuideachta Fóntais ina measc.



Soláthraíonn an OBB tacaíocht do bhreis agus 1200 úsáideoir den chóras MRL agus d'oibrigh sé go dlúth le DTTAnna agus leis an mheitheal oibre agus na Treoirínte leasaithe um Oibreacha Bóithre ar Bhóithre Poiblí a bhainistiú (An Leabhar Corcra), atá le foilsiú go luath in 2017.

Rinneadh dul chun cinn suntasach agus an fheidhmiúlacht nua MRL a thabhairt isteach.

Tá comhoibriú idir an OBB agus na páirtithe leasmhara maidir leis an todhchaí lena n-áirítear Seoladh an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus Uisce na hÉireann mar chuid shuntasach d'obair OBB de réir mar a théann an cur i bhfeidhm ar aghaidh.

**Tuairisc ó John McLaughlin,  
Stiúrthóir Seirbhíse**

## Uisce agus Comhshaol

Tá an tSeirbhís Uisce agus Comhshaoil freagrach as:

- Seirbhísí uisce thar ceann Uisce Éireann (UÉ) agus mar Údarás Seirbhísí Uisce neamhspleách.
- Bainistiú Fuill
- Rialú truaillithe uisce agus Bainistiú Abhantrach
- Oideachas agus Feasacht faoin Chomhshaol
- Bainistiú bruscair
- Bainistiú trána agus saoráidí spóirt agus ainéasa

## Oibriú Seirbhísí Uisce

### Soláthair Uisce Óil

De réir an Chomhaontaithe Leibhéal Seirbhíse le hUisce Éireann lean an Chomhairle ar aghaidh de sheirbhísí uisce phoiblí a oibriú in 2016.

Áiríodh leis seo oibriú 32 Soláthar Uisce Phoiblí (SUP) a chuireann amach 23.7 méadar chiúbacha d'uisce óil agus ag déanamh freastail ar phobal de bheagnach 162,000. Cheannaigh an Chomhairle 104,390 méadar chiúbacha d'uisce ó Uisce Thuaisceart Éireann. Tá uisce ó fhoinsí soláthair uisce phoiblí ar fáil fosta do thomhaltóirí trí 7 scéim Sholáthair Uisce Ghrúpa (SUG).

Aithníodh sa Clár um Shuirbhéireacht Méadair Uisce Teaghlaigh beagnach 81,000 nasc chuig príomhlíonraí uisce sa tír. Aithníodh 10,835 nasc gnó ar mhaithe le billí a chur ag deireadh 2015, agus tá 9,820 acu méadraithe.

## 2016 Highlights

**32** Public Water Supplies producing **23.7** million cubic meters of drinking water serving a population of approximately **162,000**

**89** municipal wastewater scheme discharges, **38** subject to discharge licenses and **51** subject to Certificates of Authorisation.

St. Johnston WWTW substantially completed

Central Laboratory achieved INAB accreditation

Local Authorities Waters & Communities Office (LAWCO) established

**6** Recycling Centres at Carndonagh, Dungloe, Milford, Laghey, Letterkenny and Stranorlar managed by Bryson Recycling

**331** Bring Banks at **73** sites for glass and cans

Over **300** community clean-ups during Big Donegal Clean Up campaign

**998** litter and waste related complaints received and **137** fixed penalty notices issued

**195** schools took part in the green schools programme and **164** Green Flags awarded.

**13** beaches in Donegal awarded Blue Flags, **6** beaches achieved Designated Bathing Water standard and **5** beaches awarded Green Coast status

Léiríonn an tábla seo táirgeadh uisce óil sa tír in 2016.

Ceantar Bardasach	Uisce óil (Méadair Chiúbacha)
MD Inis Eoghain	5618846
MD Dhún na nGall	5303679
MD na nGleanntí	4,375,225
MD Leitir Ceanainn	5,528,533
MD Shrath an Urláir	2,939,345
Iomlán	23,765,628

Oibríonn líon suntasach de sholáthair phríobháideacha uisce ar fud na tíre. Tá ceithre SUG phríobháideacha atá mór go leor le gur chóir iad a thuairisciú don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC).

Déantar monatóireacht ar 16 SUG phríobháideacha níos lú ach ní gá iad a thuairisciú don GCC.

Ní dhéantar monatóireacht ach ar 18 soláthair phríobháideacha uisce agus déantar iad a thuairisciú don GCC agus déantar monatóireacht ar 20 soláthair eile níos lú ach ní gá iad a thuairisciú.

Leanann líon de thithe aonair ar aghaidh ag fáil a gcuid uisce ó thoibreacha príobháideacha.

Oibríonn an Chomhairle scéim bhliantúil fhóirdheontais thar ceann na Roinne mar ranníocaíocht i dtreo costais oibríochtan le haghaidh SUGanna agus Scéim Dheontais Toibreacha le haghaidh toibreacha aonair uisce óil.

### **Caighdeán Uisce Óil**

Is é An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) an t-údarás maoirseachta le haghaidh Uisce Éireann maidir le seirbhísí

uisce atá á reáchtáil go poiblí agus le haghaidh Comhairle Contae Dhún na nGall maidir le soláthairtí príobháideacha.

Déanann an Clár um Monatóireacht Uisce Óil monatóireacht ar chaighdeán soláthairtí poiblí agus príobháideacha ag sconnáil na dtuismitheoirí. Déantar 3 chineál tástála - micribhitheolaíoch, ceimiceach agus táscaire. Baintear beartas ‘comhlíonadh foriomlán’ as na trí mhodh thástála ar fad.

Bhí leibhéal comhlíonta micribhitheolaíoch i Soláthairtí Uisce Phoiblí Dhún na nGall 100%. 99% a bhí sa leibhéal foriomlán comhlíonta (lena n-áirítear paraiméadair cheimiceacha agus táscaire). Bhain soláthairtí príobháideacha a ndearnadh monatóireacht orthu ar an mheán comhlíonadh micribhitheolaíoch de 86% amach agus b’ionann agus 92% an comhlíonadh foriomlán.

Tugann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoin Chlár um Monatóireacht Uisce Óil thar ceann Chomhairle Contae Dhún na nGall. Foilsíonn an GCC liosta de Scéimeanna Gníomhaíochta Feabhais (SGF) chun béim a dhíriú ar scéimeanna neamhchomhlíonta agus chun oibreacha feabhais a spreagadh chun fadhbanna a réiteach. Bhí scéim RAL déag i nDún na nGall in 2016. Tá Uisce Éireann ag forbairt idirbheartaíochtaí chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo.

Lean an Chomhairle ag obair le hUisce Éireann agus leis an GCC le dul i ngleic le scéimeanna inar tugadh Treoracha nó le scéimeanna atá go fóill ina Scéimeanna Gníomhaíochta Feabhais.

## **Scéimeanna Fuíolluisce**

Aithníodh 89 scéim bhordasacha sceithe fuíolluisce chun bheith údaraithe ón GCC.

Tá sceitheadh ó scéimeanna níos mó de réir ceadúnas ach tá sceitheadh ó scéimeanna níos lú de réir Theastais Údaraithe.

Is iarratasóirí le haghaidh ceadúnais sceite iad 38 de na scéimeanna sceite i nDún na nGall agus eisíodh 35 acu go dtí seo. Is iarratasóirí ar Theastais Údaraithe iad na 51 scéim sceite atá fágtha.

Eisíodh gach ceann de na Teastais Údaraithe seo seachas an ceann fá choinne Dhún Cionnaola. Rinneadh WWTW Dhún Cionnaola a íosghrádú ó shaoráid ceadúnais sceite a bheith ag teastáil uaidh go Teastas Údaraithe. Tá UÉ ag cur iarratais le chéile le haghaidh WWTW i láthair na huair.

Tá gach Ceadúnas Sceite agus Teastas Údaraithe in ainm Uisce Éireann.

D'aithin Uisce Éireann an fhreagracht le haghaidh an chatagóra níos mó 'ceadúnaithe', ach tá débhrí ann faoin áit a luíonn an fhreagracht le haghaidh sceitheadh níos lú 'teastais'.

## **Comhlíonadh le Cáilíochtaí Sceite Fuíolluisce**

Déanann Comhairle Contae Dhún na nGall monatóireacht ar gach sceitheadh fuíolluisce atá ceadúnaithe agus teastaithe.

Déantar torthaí cáilíochta a ndearnadh monatóireacht orthu le haghaidh gach Sceitheadh Ceadúnaithe a thuairisciú go

míosúil chuig UÉ agus chuig an GCC, agus bíonn gach ceann acu faoi réir Thuairisc Bhliantúil ar an Chomhshaol.

Níl an córas monatóireachta maidir le sceitheadh de réir na dTeastas Ceadúnaithe chomh casta céanna. Bíonn sampláil de dhíth dhá uair sa bhliain agus ní dhéantar torthaí a thuairisciú, ach coinnítear iad le léamh nuair is gá.

Rinneadh an clár monatóireachta a sholáthar ina iomláine in 2016. Déantar comhlíonadh maidir le sceitheadh ceadúnaithe a thástáil de réir an riachtanais um Cheadúnais Sceite agus de réir na riachtanais a bhaineann leis an Treoir um Fuíolluisce Uirbeach.

D'éirigh leis na monarchana is nua-aimseartha comhlíonadh a bhaint amach, ach bhí líon suntasach de na sean-mh monarchana nár éirigh leo, agus léirigh sé seo an gá le hinfheistíocht i gcóireáil fuíolluisce.

## **WaterPro**

Cuireadh tús leis an togra WaterPro i Mí an Mheithimh. Tá sé á mhaoiniú ag Clár INTERREG VB AE an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh. Forbróidh sé córais shuntasacha chun uisce a chosaint ó ghníomhaíochtaí sceite tamhlaíochta agus miandóireachta.

Mar chuid den togra seo déanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall monatóireacht ar chomhcheangal faoi leith bithfheabhsúcháin de Bhogaigh Chomhtháite Thógtha agus shaileacha Roschoille Gearruainíochta a dhéanann cóireáil ar láisteáit Líonadh Talún Bhaile an Teampaill i Leifear. Déanfar an t-eolas a fhaightear ó gach gné den togra seo a roinnt agus a fhorbairt

idir na comhpháirtithe agus na páirtithe leasmhara agus na geallshealbhóirí.

### **Caipitil Seirbhísí Uisce**

Críochnaíodh an obair ar thógáil agus ar choimisiúnú dhá mhonarcha cóireála fuíolluisce, stáisiúin phumpála ghaolmhara agus feabhsúcháin ghréasáin sna Gleannta.

I Mí na Nollaig síníodh conarthaí oibre chun dhá mhonarcha cóireála uisce a thógáil i nGort an Choirce agus Abhainn tSeiscinne. Rinneadh cuid mhór den obair tógála ar WWTW Bhaile Suingean a chur i gcrích. Cuireadh tús leis an obair tógála ar an chonradh Ghrúpa B i lár 2016 (Bun Dóbhráin, Gleann Cholmcille, na Cealla Beaga agus Conmhaigh).

Fuarthas tairiscintí agus rinneadh iad a mheas chun monarcha nua cóireála uisce a thógáil do RWSS Leitir Ceanainn agus monarcha nua cóireála le haghaidh WSS Chraosloch/Dhún Fionnachaidh chomh maith le 6km de phíblínte gaolmhara agus d'fheabhsúcháin ar stáisiúin phumpála. Cuireadh oibre iniúchta ar shuíomhanna i gcrích le haghaidh roinnt tograí seirbhíse uisce. Cuireadh isteach 5km de phíblínte uisce i bhFánaid agus i mBaile an Droichid.

Leanadh de mhionoibreacha deartha agus pleanála ar líon de mhionthograí agus de mhóorthograí a bhaineann le huisce óil agus le fuíolluisce agus beidh an tógáil orthu ag tosú in 2017. Fuarthas cead pleanála ar líon mór de shaoráidí uisce agus fuíolluisce.



Tógáil Umar Stoirme Bhun Dóbhráin

### **Rialú Truailithe**

Tugann Saotharlann Láir na Comhairle faoi réimse de chlár dírithe ar an chomhshaol a chosaint agus ar thruailliú a rialú. Ina measc tá monatóireacht ar sceitheadh fuíolluisce mar atá léirithe thuas.

I measc na ngníomhaíochtaí eile tá:

- ceadúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar sceitheadh tráchtála/ tionsclaíoch chuig séaraigh agus chuig uiscí,
- monatóireacht ar aibhneacha agus ar lochanna,
- iniúchadh ar dhabhaigh shéarachais,
- iniúchadh ar fheirmeacha,
- monatóireacht ar uisce folctha, agus
- gearáin faoin chomhshaol a fhreagairt.



Bronnadh creidiúnú INAB ar an tsaotharlann i Meán Fómhair 2016.

### **Treoir Creata Uisce / Bainistiú Abhantraigh**

D'eagraigh Aonad Abhartaigh an GCC ceardlann maidir le fo-dhobharcheantair i Meán Fómhair. Ba é ba chuspóir leis an cheardlann ná plé a dhéanamh le foireann na saotharlainne agus le húdaráis phoiblí eile agus iad a chur ar an eolas maidir leis an méid a fuarthas ón chéad phróiseas chun an fo-dhobharcheantar a shainiú.

Ina dhiaidh sin, lig an cheardlann don fhoireann sonraí ar bith breise agus eolas breise ó Dhún na nGall a chur leis na measúnaithe seo. Cuireadh an t-eolas seo le chéile agus baineadh úsáid as i bpróiseas eile sainithe, agus beidh sé seo mar chuid de ghníomhaíochtaí/ iniúchadh/measúnú breise a bheadh de dhíth chun na beartais atá de dhíth sna dobharcheantair sa chontae a mheas.

### **Togra CatchmentCARE**

Cuireadh an Pleán Gnó Céim 2 le haghaidh an togra mholta CatchmentCARE chuig Comhlacht na gClár Speisialta AE i Mí Iúil chun maoiniú a fháil faoin mbeartas Comhshaoil, sainchuspóir 2.4 de chlár Interreg EU VA.

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall chun tosaigh sa togra a bhfuil 7 gcomhpháirtí eile acu; An Institiúid um Agraí-Bhia agus Bitheolaíochtaí (AFBI), Iascach Intíre Éireann (IIÉ), Gníomhaireacht na Lochanna, Ollscoil Uladh, Comhairle Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon, Suirbhé Geolaíochta na hÉireann (SGÉ) agus Suirbhé Geolaíochta na Breataine/Suirbhé

Geolaíochta Thuaisceart Éireann (SGB/SBTÉ).

Rachaidh an togra CatchmentCARE i ngleic le príomhdhúshlán a bhaineann le docharlaigh a chur a chóiriú i ndobharcheantair cois teorann trí sheasmhacht a mhéadú sna dobharcheantair (bithfhisiciúil, sóisialta agus geilleagrach) agus trí chumas geallshealbhóirí a fhorbairt (pobail, rialtais agus NGOanna).

### **Oifig Uiscí agus Pobail Údaráis Áitiúla (OUPÚÁ)**



D'earcaigh Oifig Uiscí agus Pobail Údaráis Áitiúla (OUPÚÁ) 12 Oifigeach Uisce Pobail (OUP) i mblíana. Tá OUP lonnaithe i PSC Bhaile Dhún na nGall chun cuidiú le rannpháirtíocht phoiblí agus chun dul i ngleic le foireann ÚA agus le pobail chun abhantraigh a chosaint agus a fheabhsú ar fud an chontae. Chuir foireann OUPÚÁ i Réigiún na Teorann i láthair cruinniú de chuid an SPA i mí Iúil léirmheas ar an ról atá acu sa réigiún agus sa chontae.

Chuir Iontaobhas Aibhneacha Inis Eoghain, le tacaíocht ó Iontaobhas Aibhneacha Bhaile an Doire, an Tionscadal Sruthanna Glana ar fáil do dheonaithe sa cheantar. Rinne an Chomhairle riarachán ar an chúnamh deontais a fuarthas ón Roinn don tionscadal seo.

## **Bainistiú Dramhaíola**

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ar cheann de na 9 nÚdarás Áitiúla atá mar chuid de Réigiún Dramhaíola Uladh-Chonnacht. Foilsíodh Plean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola in 2015. Leagtar amach sa phlean seo aidhmeanna agus cuspóirí bainistithe dramhaíola sa Réigiún go dtí 2021, agus tá bhrí sin baineann siad le Co. Dhún na nGall.

### **Bailiú Fuíll**

Soláthraíonn bailitheoirí príobháideacha fuíll seirbhísí bailithe fuíll cholbha an chosáin ar fud an chontae. Tá 75 bhailitheoir fuíll údaráithe ag an Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola (ONCBD) chun dramhaíol a bhailiú i gCo. Dhún na nGall. Is minic a rialaíonn an Chomhairle a cuid oibre le gníomhaireachtaí náisiúnta.

### **Diúscairt Dramhaíola**

Níl aon saoráidí diúscairta dramhaíola ag feidhmiú faoi láthair i nDún na nGall. Tugann na Bailitheoirí Dramhaíola an dramhaíol chuig saoráidí eile sa tír.

Leanann an Chomhairle de bhainistiú a dhéanamh ar shé lárionad dramhaíola ceadúnaithe, is iad sin Baile na Carraige, Baile an Teampaill, Droim an Bhodáin, Baile Bán, an Mhucáis agus Gleann Eala. Bíonn siad uile druidte agus déantar monatóireacht orthu ar mhaith le comhlíonadh le riachtanais cheadúnaithe an GCC.

Tá cúig shuíomh (an Mhucáis, Gleann Eala, Drum an Bhodáin, Baile an Teampaill agus Baile na Carraige) go hiomlán leasaithe.

Tugadh faoi thuilleadh oibre leasaithe ar shuíomh Bhaile an Teampaill le linn 2016 chun cur le forbairt na saoráide cóireála le haghaidh láisteáite a tógadh ar an suíomh trí úsáid a bhaint as saileacha agus bogach comhtháite nuathógtha. Tugadh faoin obair seo faoin tionscadal WaterPro (a ndéantar tagairt dó faoi Chomhlíonadh Cáilíochta Sceite Dramhuisce). Is tionscadal píolóta é seo ina mbaintear úsáid as chun cóireáil a dhéanamh ar láisteáit. Déantar cóireáil ar láisteáit i nDroim an Bhodáin ar an suíomh agus tugtar láisteáit ó na trí shuíomh eile chuig na hoibreacha cóireála dramhuisce i Leitir Ceanainn le go ndéanfar cóireáil iomlán orthu.

### **Athchúrsáil Dramhaíola**

Leantar ar aghaidh le saoráidí athchúrsála a sholáthar don phobal. Tá sé Ionad Athchúrsála ag an Chomhairle i gCarn Domhnaigh, ar an Chlochán Liath, i mBaile na nGallóglach, i Leathaigh, i Leitir Ceanainn agus i Srath an Urláir agus tá siad uile faoi chonradh ag Bryson Recycling. Soláthraítear sna suíomhanna seo seirbhís athchúrsála do réimse earraí dramhaíola, do dhiúscairt dramhaíola tí de réir na ndualgas Bainistithe Dramhaíola.

Tá 331 Ionad Fág Anseo ag an Chomhairle fosta ag 73 suíomh ar fud an chontae inar féidir glainí agus cannaí a bhailiú.

I measc na seirbhísí eile bailithe dramhaíola tá 6 pointe bailiúcháin faoi choinne dramhaíola guaisí tí agus laethanta bailithe, trí bheith ag obair le WEEE Éire, le ábhar leictreonach agus leictreach a bhailiú.

Bailíonn bailitheoirí príobháideacha dramhaíola dramhaíol tí agus tráchtála colbha an chosáin ar fud an chontae agus cuireann siad an t-ábhar ar aghaidh chuig áiteanna taobh amuigh den chontae le bheith athshlánaithe agus próiseáilte le húsáid arís.

Tá seoladh an bhosca bhruscair dhoinn faoi choinne diúscartha ar féidir muirín a dhéanamh as á leathnú i láthair na huair.

Tugann Comhairle Contae Dhún na nGall údarás do Shaoráidí Dramhaíola dramhaíol a bhailiú sa chontae. Ina measc siú tá saoráidí san earnáil phríobháideach a thugann seirbhísí athchúrsála agus seirbhísí diúscartha dramhaíola.

### **Rialáil**

Déanann Comhairle Contae Dhún na nGall rialáil ar ghníomhaíochtaí bainistithe dramhaíola faoin tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 i gcomhar le forais rialála náisiúnta ar nós na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), na hOifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola (ONCBD) agus an Phríomhúdaráis Réigiúnaigh Fhorfheidhmiúcháin Dramhaíola Chonnacht agus Uladh.

Is é atá san ONCBD ná an foras náisiúnta a bhfuil sé de dhualgas air ceadúnais bhailithe dramhaíola a thabhairt nó a bhaint, chomh maith leis na sonraí a d'fhéadfaí bheith mar thoradh orthu seo a chur i dtoll a chéile. Bíonn Comhairle Contae Dhún na nGall go fóill mar údarás forfheidhmithe má mheastar nach bhfuil bailitheoir dramhaíola comhlíontach.

Tá an Chomhairle freagrach as Ceadúnais Saoráide Dramhaíola

